Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA

2008

GAEILGE

TUAIRISC AN PHRÍOMHSCRÚDAITHEORA

BONNLEIBHÉAL

GNÁTHLEIBHÉAL

ARDLEIBHÉAL

AN CLÁR

1.	**Bonnleibhéal**	**3**
	1.1 Réamhrá	3
	1.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí	4
	1.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	5
	1.4 Tátail	11
	1.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	12
2.	**Gnáthleibhéal**	**14**
	2.1 Réamhrá	14
	2.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí	16
	2.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	16
	2.4 Tátail	23
	2.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	26
3.	**Ardleibhéal**	**28**
	3.1 Réamhrá	28
	3.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí	30
	3.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	30
	3.4 Tátail	37
	3.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	39

1. An Bonnleibhéal

1.1. Réamhrá

Siollabas
An siollabas ar a bhfuil an scrúdú seo bunaithe, tá sé i bhfeidhm sna scoileanna ó 1995.

Tá an cúrsa Bonnleibhéil ann chun freastal cóir a dhéanamh ar iarrthóirí nach n-oireann ceachtar den dá leibhéal eile dóibh, ar chúiseanna éagsúla.

Tugann sé deis do dhaltaí tabhairt faoin nGaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta, fiú nuair nach mbíonn ach cumas teoranta ar an teanga acu. Ní gá go mbeadh na daltaí seo gan acmhainní áirithe teanga a bheith acu, áfach.

Scrúdú
Tá trí chuid i Scrúdú na hArdteistiméireachta Gaeilge, Bonnleibhéal:

(a) An Bhéaltriail

(b) An Triail Chluastuisceana

(c) Páipéar 1
Léamhthuiscint agus Ceapadóireacht (Scríobh na Teanga)

An Bhéaltriail (150 Marc)

- Comhrá amháin atá i gceist sa Bhéaltriail seo. Freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna a chuireann an Scrúdaitheoir faoi ghnáthchúrsaí agus faoi ghnáthimeachtaí an tsaoil, de réir na mbloc atá leagtha amach sa Leabhrán BT.4C.

- Maireann an Bhéaltriail idir 7 nóiméad agus 10 nóiméad.

- Roinnt na Marcanna: 150 marc ar fad atá le gnóthú:

  Cumas Cumarsáide (tuiscint, fairsinge agus cruinneas stór focal, líofacht chainte agus cumas maidir le cur in iúl) [= 30 marc faoi 4 bhloc] : 120 marc

  Cumas Teanga (cumas maidir le príomhghnéithe de cheart na teanga) : 30 marc

An Triail Chluastuisceana (180 marc)
Scrúdú 40 nóiméad atá ann. Éisteann iarrthóirí le míreanna cainte, ar ábhair éagsúla, a chuirtear ar fáil ar dhlúthdhiosca. Bíonn na trí mhórchanúint le cloisteáil agus cothromaíocht idir glórtha fear agus ban. Bíonn ar na hiarrthóirí a dtuiscint a léiriú trí cheisteanna ilroghnacha a fhreagairt.

Páipéar 1 (150 marc)

Léamhthuiscint: Bíonn trí cheist le freagairt sa chuid seo.

- I gCeist 1, bíonn léaráidí/pictiúir le meaitseáil le fógraí/comharthaí. (40 marc)
- I gCeist 2, bíonn ceisteanna le freagairt ar thrí phíosa ghearra, mar atá litir, sliocht as bróisiúr, agus scéal nuachta. (50 marc).
- I gCeist 3, bíonn ceisteanna le freagairt ar phíosaí níos faide a thógtar as alt nuachta, as alt eolais agus as dán. (60 marc)
- I gCeist 2 agus i gCeist 3, bíonn dhá cheist le freagairt as trí cinn a thugtar.

Scríobh na Teanga: Bíonn trí cheist le freagairt sa chuid seo.

- Sa chéad cheist (Ceist 4 ar an bpáipéar), bíonn fógra le scríobh nó freagra le scríobh ar chuireadh. (30 marc).
- Sa dara ceist sa chuid seo (Ceist 5 ar an bpáipéar) bíonn litir le scríobh bunaithe ar léaráidí a thugtar nó CV le líonadh isteach. (40 marc)
- Sa tríú ceist sa chuid seo (Ceist 6 ar an bpáipéar) bíonn alt tuairisciúil 90 focal ar fad le scríobh. Sa chéad rogha, tugtar sraith léaráidí mar spreagthaigh; sa dara rogha tugtar líon áirithe nathanna mar spreagthaigh. (50 marc)

1.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

Mar is léir ón tábla thíos, tá an líon iarrthóirí a thug faoin nGaeilge san Ardteistiméireacht ag an mBonnleibhéal, agus an líon sin mar chéatadán den chohórt iomlán iarrthóirí, seasmhach go maith thar na blianta. Bhí ardú beag le sonrú ar líon na n-iarrthóirí a rinne an scrúdú sa bhliain 2008.

Bliain	Líon Iarrthóirí	Céatadán an Chohóirt
2005	5012	10.4
2006	4543	10.5
2007	4525	10.3
2008	**4846**	**10.9**

Tábla 1: Líon Iarrthóirí agus Céatadán an Chohóirt a rinne Gaeilge Bonnleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta 2005-08.

NA TORTHAÍ IOMLÁNA

Bliain	A	B	C	ABC	D	E	F	N/G	E F NG
2005	4.3	29.9	41.9	76.1	21.1	2.6	0.2	0.0	2.8
2006	6.6	37.9	41.6	86.1	12.6	0.9	0.4	0.0	1.3
2007	4.7	32.0	43.6	80.3	17.4	1.7	0.5	0.0	2.2
2008	**5.2**	**36.5**	**43.8**	**85.5**	**13.1**	**1.0**	**0.4**	**0.0**	**1.4**

Tábla 2: Na gráid a gnóthaíodh i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta (Bonnleibhéal) 2005-08

Tá líon mór iarrthóirí ann a n-éiríonn go maith leo i ngach cuid den scrúdú; tá líon sách ard a n-éiríonn go maith leo sna codanna sin den scrúdú a thástálann na scileanna gabhchumais (Cluastuiscint agus Léamhthuiscint); tá céatadán beag ann áfach nach

gcruthaíonn go maith sna codanna den scrúdú a thástálann na scileanna ginchumais (Scríbhneoireacht), má thugann siad faoi na codanna sin in aon chor.

Is léir freisin go mbíonn iarrthóirí áirithe ann a bhfuil cumas maith Gaeilge acu, a aistríonn ón nGnáthleibhéal go dtí an Bonnleibhéal ag an nóiméad deiridh. Is gnách go n-éiríonn leo sin ardmharcanna a bhaint amach.

Tá samplaí an-mhaith feicthe againn d'iarrthóirí a shealbhaíonn méid áirithe den teanga labhartha agus a chruthaíonn go han-mhaith ag an mBéaltriail. D'éirigh go han-mhaith le cuid mhór iarrthóirí sa Léamhthuiscint mar shampla. Ag an am céanna bhí fadhb ag líon réasúnta mór iarrthóirí le scríobh na teanga. Is léir, mar sin, go mbíonn máistreacht ag tromlach mór na n-iarrthóirí seo ar na scileanna gabhchumais. Ní bhíonn a scileanna ginchumais chomh forbartha céanna.

Bhí an scrúdú dúshlánach go leor agus a rian sin le feiceáil ar na torthaí. Ba léir áfach go raibh an scrúdú ar an gcaighdeán cuí, agus bhí na torthaí ar an gcaighdeán céanna le blianta beaga anuas. D'éirigh le 36.3% Grád A nó B a bhaint amach. Bhí 1.4% de na hiarrthóirí nár bhain Grád D amach, titim bheag ó ráta na bliana roimhe.

D'éirigh le go leor iarrthóirí marc sách ard a bhaint amach sa Triail Chluastuisceana agus sa Léamhthuiscint agus ní raibh siad ag brath chomh mór sin ar Scríobh na Teanga chun grád maith a bhaint amach.

Bhí dornán beag iarrthóirí ann (faoi bhun 1%) nár thug faoin Triail Chluastuisceana agus gur móide ná a mhalairt go bhfaighidís grád níos airde dá dtabharfaidís faoi.

1.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

An Bhéaltriail

D'éirigh le líon mór iarrthóirí cruthú go maith sa chuid seo den scrúdú. Thagair na Scrúdaitheoirí Cúnta agus na Monatóirí ar aon don ullmhúchán a bhí déanta ag bunáite mhór na n-iarrthóirí. Cuidíonn an t-ullmhúchán cuimsitheach go mór le hiarrthóirí Bonnleibhéil a bheith ar a gcompord agus iad i mbun scrúdaithe. Níl aon ghiota próis le léamh sa Bhéaltriail seo. Cuidíonn leagan amach na Béaltrialach, i.e. a bheith ag gluaiseacht go céimneach tomhaiste ó bhloc amháin go dtí an chéad bhloc eile, go mór le muinín a chothú sna hiarrthóirí agus iad a chur ar a suaimhneas.

Na hiarrthóirí a raibh cleachtadh acu ar an mBéaltriail mar atá leagtha amach sa leabhrán BT.4C, d'éirigh go maith leo. Moltar do mhúinteoirí leas a bhaint as a bhfuil sa leabhrán sin sa seomra ranga.

An Triail Chluastuisceana

Meánmharc 130.4 as 180 = 72.4%. Bhí an marc seo ar aon dul leis na meáin le blianta beaga anuas. (Áit ar bith sa tuarascáil seo a ndéantar tagairt do mheánmharc, tá an

t-eolas bunaithe ar anailís a rinneadh ar shampla randamach 10% de líon iomlán na scripteanna.)

Bhí an fhreagairt réasúnta i mbliana agus pas beag níos fearr ná anuraidh. Tháinig ardú ar an meánmharc, 72% i mbliana i gcomparáid le 64% anuraidh. Bhí dúshlán sa triail mar sin féin agus ba bheag duine a bhain lánmharcanna amach sa chuid seo. Ba iad Ceist 6 (a) agus (b) agus Ceist 10 (b) ba mhinice a bhí mícheart ag na hiarrthóirí. Ba iad na ceisteanna 2, 9 agus 11 na cinn ba mhinice a bhí i gceart acu. Ceist 5 (na treoracha) ba mhinice nár freagraíodh in aon chor. Maidir le Ceist 4, ba mhinic a roghnaíodh "an banc" go mícheart mar fhreagra. Ba léir nár thuig cuid de na hiarrthóirí an téarma "ionad sláinte". Maidir le Ceist 10 (b), roghnaíodh "gluaisrothar" go mícheart go minic.

An Léamhthuiscint

Ceist 1
Bhí an fhreagairt ar Cheist 1 réasúnta maith ach pas beag níos laige ná anuraidh. Níor bhain ach thart faoi 60% lánmharcanna amach. Ba iad 6=H, 8=G agus 10= J nó I na hearráidí ba choitianta.
Bhí na marcanna a gnóthaíodh sa cheist seo ar aon dul leis na marcanna a gnóthaíodh sa cheist le blianta beaga anuas.

Ceist 2
Thug formhór na n-iarrthóirí faoi na codanna ar fad anseo. 2(c) ba mhinice a fágadh gan fhreagairt.

Ceist 2 (a): Litir le léamh agus ceisteanna le freagairt.
Mír 3 agus mír 4 a chruthaigh miondeacrachtaí dóibh anseo. Se achas sin freagraíodh an cheist seo go maith.

Ceist 2 (b): Bróisiúr le léamh agus ceisteanna le freagairt.
Bhí an fhreagairt sa cheist seo an-sásúil ach amháin i mír 1 agus i mír 5.

Ceist 2 (c): Scéal nuachta le léamh agus ceisteanna le freagairt.
Bhí mír 1 an-lag ag cuid de na hiarrthóirí, bhí an fhreagairt ar mhír 2 go measartha agus freagraíodh na míreanna eile go maith.

Ceist 3
Rinneadh iarracht arís i mbliana ar na codanna ar fad anseo a fhreagairt. Cuid A agus cuid B ba mhinice nár freagraíodh i gceart. Ceist 3 (a): Alt le léamh agus ceisteanna le freagairt.
Ba í Mír 4 ba mhinice nár freagraíodh i gceart. Freagraíodh mír 1 agus mír 5 go maith. Bhí an fhreagairt ar na míreanna eile réasúnta maith.

Ceist 3 (b): Giota le léamh agus ceisteanna le freagairt.
Ba í mír 5 an t-aon mhír a freagraíodh go han-mhaith. Freagraíodh mír 2 go réasúnta maith. Níor freagraíodh na míreanna eile go maith.

Ceist 3 (c): Véarsaí le léamh agus ceisteanna le freagairt.
Bhí an fhreagairt ar an gceist seo an-sásúil.

Scríobh na Teanga

Thit líon na n-iarrthóirí nach ndearna iarracht ar bith ar Scríobh na Teanga i mbliana. Ba léir ar na hiarrachtaí ab fhearr sa chuid seo nach raibh fadhb ar bith ag iarrthóirí a raibh cleachtadh acu ar na tascanna a chomhlíonadh agus a raibh taithí acu ar an scríobh. Ag an am céanna, bhí líon suntasach iarrthóirí ann nár chruthaigh go maith sa scríobh agus tuilleadh nár thug faoi in aon chor.

Ba iad Ceist 4(a), Ceist 5 (b) agus Ceist 6 (a), na ceisteanna ba mhinic e a freagraíodh, agus bhí an líon iarrthóirí a roghnaigh "an freagra" (Ceist 4 b) agus "an litir" (Ceist 5a) mórán ar aon dul le blianta eile.

Bhí deacrachtaí ag cuid de na hiarrthóirí maidir le comhlíonadh na dtascanna a bhain le Ceist 4 agus le Ceist 5. Rudaí bunúsacha ba mhó a chruthaigh deacrachtaí dóibh, mar shampla, lá, imeachtaí, dáta nó áit a ainmniú. Ina theannta sin ní raibh cuid de na hiarrthóirí in ann ceist dhíreach a fhreagairt mar shampla "An bhfuil…?" áit a mbeifeá ag súil le "Tá" nó "Níl". Bheifí ag súil freisin go mbeadh cleachtadh ag na hiarrthóirí ar na rúibricí agus ar na treoracha a bhaineann leis an gcuid seo den scrúdú mar bíonn siad mar an gcéanna ó bhliain go bliain.

I gCeist 5 agus i gCeist 6, áit a mbíonn tuairim is 90 focal le scríobh sa fhreagra, ba mhinic a bhí na freagraí róghairid agus cailleadh marcanna dá réir.

Ceist 4

Ceist 4 (a): Fógra a scríobh bunaithe ar phictiúir agus ar cheisteanna.

Roghnaíodh cuid (a) níos minice ná cuid (b) agus bhí caighdeán na bhfreagraí níos airde freisin. Ba léir gur tuigeadh an tasc anseo i gcoitinne ach fós bhí iarrthóirí ann a scríobh alt san aimsir chaite in ionad an t-eolas a sholáthar i bhfoirm fógra.
I gcásanna fánacha eile scríobhadh sraith ceisteanna agus freagraí in ionad fógra.

- Cé go raibh "Ceolchoirm" ag cuid mhaith de na hiarrthóirí ba léir go raibh líon áirithe díobh ann nach raibh an stór focal cuí acu leis an gceist a fhreagairt go sásúil. Aithníodh "Halla na Scoile" i gceart go minic mar an áit ina mbeadh an cheolchoirm.
- Maidir le lá, am agus dáta a scríobh, ba léir go raibh cleachtadh ag mórán air sin. Bhí líon beag iarrthóirí ann nár éirigh leo an tasc iomlán a chur i gcrích. Scríobhadh "Oíche Dé" uaireanta, mar shampla, agus fágadh an dáta ar lár minic go leor.
- Bhí deacracht ag líon mór iarrthóirí aoi a lua.
- Bhí deacracht ag iarrthóirí arís i mbliana aon eolas a thabhairt san fhógra faoin airgead. Bheadh freagra chomh gonta le "Airgead do X" nó "Ar son X" inghlactha sa chás seo.

Bhí cruinneas na Gaeilge go maith i gcoitinne sa cheist seo, cé go raibh an litriú lag ag iarrthóirí áirithe.

Ceist 4 (b): Freagra a scríobh bunaithe ar phictiúir agus ar cheisteanna.

Níor tugadh faoi na treoracha ar fad a fhreagairt agus cailleadh marcanna go héasca dá bharr. Fágadh beannú/slán ar lár go minic, mar shampla.

- Bhí na freagraí ar Phictiúr 1, ar Phictiúr 2 agus ar Phictiúr 4 maith go leor.

- I gcás Phictiúr 3, ní raibh an fhreagairt chomh maith céanna. Bhí an t-eolas a tugadh sna freagraí easnamhach. Fuarthas abairtí mar "Tá mé ag dul go dtí an stáisiún traenach" gan aon eolas faoi conas a rachaidís ann.

Ceist 5

Roghnaíodh cuid (a) níos minice ná cuid (b) agus bhí caighdeán na bhfreagraí níos airde freisin. Cailleadh marcanna i gcuid A aon áit nach ndearnadh ionramháil ar na tagairtí don obair agus do na himeachtaí éagsúla a léiríodh sna pictiúir. I gceist 5(b) cailleadh marcanna de bharr ceisteanna simplí a bheith fágtha gan freagra agus an t-alt ag an deireadh a bheith róghearr nó gan a bheith ann in aon chor.

Ceist 5(a): Litir a scríobh bunaithe ar phictiúir agus ar threoracha.

- Bhí na foirmlí go maith acu ag tromlach mór na n-iarrthóirí: seoladh, dáta, beannú agus críoch.
- Fágadh an dáta ar lár corruair. Ba mhinic meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla sa seoladh.
- Rinneadh iarracht mhacánta freastal ar na treoracha, ach is minic a cailleadh marcanna (go háirithe i bPictiúr 3) toisc nach raibh dóthain tagairtí ann nó tagairt gan fhorbairt, "Bím ag glanadh", mar shampla, in ionad ""Bím ag glanadh an urláir".
- Ba mhinic a fágadh an tagairt don áit ar lár i bPictiúr 1, cé gur éirigh leo cur síos sásúil a dhéanamh ar an ionad campála.
- Bhí cuid mhór iarrthóirí ann nár éirigh leo cur síos sásúil a dhéanamh ar na cuairteoirí.
- Bhí na tagairtí do na caithimh aimsire go maith, agus d'éirigh leis an gcuid is mó de na hiarrthóirí na marcanna go léir a ghnóthú anseo.
- Bhí caighdeán an chruinnis sa Ghaeilge sásúil sa chuid seo, ach bhí meascán d'aimsirí mí-oiriúnacha le feiceáil go minic.

Ceist 5(b): Foirm Iarratais a líonadh agus alt a scríobh.

Bhí na hiarrachtaí ar an gcuid seo pas beag níos fearr ná mar a bhí anuraidh. Bhí go leor iarrachtaí le fáil, áfach, agus gan ach cúpla fo-cheist freagartha iontu.

An Fhoirm

- D'éirigh go breá leis na hiarrthóirí a raibh cleachtadh acu ar an gcineál seo ceiste.
- Bhí iarrachtaí ann, áfach, agus gan ach an seoladh, an aois agus an dáta breithe líonta isteach iontu.
- Ba mhinic nach raibh sa seoladh ach aon líne amháin.
- Ba mhinic nár tugadh freagra iomlán ar na ceisteanna a bhain le háit bhreithe agus le scrúdú.
- Bhí na hábhair scoile ar eolas ag an bhformhór, agus iad litrithe i gceart ag an bhformhór.
- Thug go leor iarrthóirí freagra ceart ar na mioncheisteanna ar an bhfoirm. Fuarthas "tá", "sea" agus "níl", áfach, nuair nár oir sé sin mar fhreagra. Ba mhinic freisin nár freagraíodh na ceisteanna sin in aon chor.
- Bhí trí chaitheamh aimsire ar eolas acu agus feabhas ar an litriú i mbliana. Bhí dream ann, áfach, a thagair don aimsir sa cheist seo.
- Ba mhinic nár cuireadh tic sa bhosca ná nár scríobhadh dáta ag bun na foirme.

An t-alt

- Bhí líon beag iarrthóirí ann a fuair lánmharcanna sa chuid seo.
- I gcás na n-iarrthóirí ab fhearr gnóthachtáil, ba léir gur thuig siad an tasc a bhí le comhlíonadh acu. Bhí tagairtí acu do chúrsaí airgid, mar shampla, nó do bheith ag obair i mbanc nó do bheith go maith ag obair le daoine.
- I gcás na n-iarrthóirí nár éirigh chomh maith sin leo, ba chosúil nach raibh aon chleachtadh acu ar an tasc, agus bhí easpa stór Gaeilge ina bhac orthu.

Ceist 6

Ceist 6 ba mhinice nár freagraíodh sa scrúdú iomlán. Roghnaíodh 6 (a) níos minice ná 6 (b). Bhí líon beag iarrthóirí ann a rinne an dá cheann. Bhí ísliú beag ar an ráta freagartha ach d'ardaigh an meánmharc pas beag. Chaill a lán iarrthóirí marcanna toisc nár scríobh siad 90 focal.

Ceist 6(a): Cuntas a scríobh d'Iris na Scoile faoi "Lá Spóirt na Scoile"

- Bhí roinnt de na iarrachtaí an-mhaith ó thaobh na cumarsáide de. Bhí 5 thagairt le fáil sna hiarrachtaí sin agus ionramháil déanta orthu. Rinneadh plé fiúntach ar chúrsaí aimsire, ar chúrsaí bia agus ar imeachta éagsúla a bhain leis an lá spóirt.
- Chuidigh na focail sa léaráid leis an dream a bhí lag ach a raibh taithí acu ar leagan amach an pháipéir.
- Iarrthóirí nár éirigh chomh maith sin leo, níor éirigh leo 5 thagairt a aimsiú ná a fhorbairt ná 90 focal a scríobh. Bhí cuid de na hiarrthóirí sin nár thuig na focail tacaíochta a tugadh ar an bpáipéar. I gcás an natha "An Léim Ard", mar shampla, ba ina aon fhocal amháin a scríobh cuid de na hiarrthóirí é: "anléimard".

- Bhí sé an-deacair mórán céille a bhaint as na hiarrachtaí ba laige – uaireanta ní raibh fiú abairt amháin slán iontu.
- Bhí an cruinneas Gaeilge go maith sna hiarrachtaí maithe agus lag go leor sna hiarrachtaí eile.

Ceist 6(b): Cuntas faoi eachtra a scríobh d'Iris na Scoile

- Bhí cuntas leanúnach, cumarsáideach, ad rem i bhformhór na n-iarrachtaí maithe, dul na Gaeilge orthu, agus stór focal saibhir agus dóthain tagairtí iontu.
- Iarrthóirí nár éirigh chomh maith sin leo, níor thuig siad na focail tacaíochta, ní raibh 5 thagairt luaite acu ná níor scríobh siad 90 focal.

1.4 Tátail

- Bhí líon na n-iarrthóirí a thug faoin scrúdú seo in 2008 ag teacht leis an méan a roghnaigh an leibhéal seo le blianta beaga anuas. Bhí na torthaí ag teacht leis an meán a bhí ann le cúig bliana anuas.

An Bhéaltriail

- Na hiarrthóirí ar éirigh go maith leo sa scrúdú ba léir go raibh taithí acu ar an gcur chuige is gá don Bhéaltriail. Bhí taithí acu ar leagan amach an scrúdaithe agus cur amach acu ar struchtúr na mbloc.

- Bíonn ról tánaisteach ag na hiarrthóirí sa chuid seo den scrúdú; bíonn formáid chinnte ar an scrúdú; bíonn na scrúdaitheoirí tuisceanach leis na hiarrthóirí, agus éiríonn leo pé stór Gaeilge atá ag na hiarrthóirí a mhealladh uathu le linn an scrúdaithe.

- Is é an t-ullmhúchán is fearr don Bhéaltriail ná an Ghaeilge a bheith mar theanga bheo sa seomra ranga agus sa scoil trí chéile .

An Triail Chluastuisceana

- Éiríonn go breá le cuid mhór iarrthóirí sa chuid seo den scrúdú. Thagair na scrúdaitheoirí don fhreagairt an-mhaith a bhí ag líon mór iarrthóirí.

- Na hiarrthóirí úd a n-éiríonn go maith leo is léir go mbíonn taithí acu ar na ceisteanna seo a chleachtadh sa rang.

- Bíonn taithí acu ar éisteacht le míreanna nuacht a ó Raidió na Gaeltachta nó ó TG4; tuigeann siad an difríocht idir na focail éagsúla cheistiúcháin.

- Is léir go bhfuil máistreacht ar scil na héisteachta ag an-chuid iarrthóirí. Cabhraíonn na ceisteanna ilroghnacha leis na hiarrthóirí ag an leibhéal seo.

An Léamhthuiscint

- Bhí an fhreagairt an-sásúil ar na codanna éagsúla den cheist seo.

- Iarrthóiri a mbíonn deacracht acu dul i ngleic leis an scrúdú go ginearálta, nó nach dtugann faoin scríobh mar shampla, bíonn siad ábalta iarracht mhaith a thabhairt faoin gcuid seo den scrúdú; tá taithí acu ón Teastas Sóisearach ar an gcineál seo ceiste a thástálann na scileanna gabhchumais.

Scríobh na Teanga

- Éiríonn le cuid mhaith de na hiarrthóirí freagraí sásúla a sholáthar sa chuid seo.

- Bíonn líon áirithe iarrthóirí le cumas maith i scríobh na Gaeilge acu nach n-éiríonn chomh maith sin leo i gCeist 4 mar nach mbíonn siad cleachtach ar na tascanna a bhíonn le comhlíonadh. Cuid de na hiarrthóirí, daoine a aistríonn ón nGnáthleibhéal go déanach sa bhliain, mar shampla, nó ar lá an scrúdaithe

féin, ní bhíonn taithí acu ar an gcur chuige a bhíonn á lorg sa cheist ar an bhfógra ná sa fhreagra ar an gcuireadh.

- Tá iarrthóirí eile ann a mbíonn an-deacracht acu le scríobh na teanga. Moltar iad agus a gcuid múinteoirí as an dul chun cinn atá déanta acu, agus éiríonn le cuid acu laigí agus deacrachtaí móra a shárú.

- Is léir go mbíonn iarrthóirí áirithe ann áfach nach mbíonn cleachtach ar líonadh isteach an CV mar shampla. Is ceart taithí a fháil ar leas a bhaint as na spreagthaigh éagsúla atá ar an bpáipéar scrúdaithe chun cuidiú leis na hiarrthóirí oiread agus is féidir.

- Éiríonn go han-mhaith leis an dream is fearr cumas sa chuid seo den scrúdú.

1.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Mhic Léinn

- Dírítear aird na múinteoirí agus aird na ndaltaí ar aon ar na moltaí sa chuid seo den tuarascáil a bhaineann leis an mBéaltriail ag an leibhéal seo. Táthar ag súil leis go mbeidh tairbhe le baint ag lucht an Bhonnleibhéil freisin as na moltaí a bhaineann go speisialta leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal.

- Tréaslaítear le múinteoirí Gaeilge an dea-obair atá ar bun acu. Aithnítear an dúshlán a bhaineann leis an leibhéal seo. Freastalaíonn an siollabas agus an scrúdú seo ar iarrthóirí nár éirigh leo, ar chúiseanna difriúla, m áistreacht rómhaith a fháil ar an teanga go dtí seo. Is fiú gach iarracht a dhéanamh ócáid phléisiúrtha a dhéanamh den rang Gaeilge. Is maith is fiú an Ghaeilge a bheith go feiceálach timpeall na scoile le go bhfeicfidh agus go gcloisfidh na scoláirí an Ghaeilge i suíomh beo nádúrtha.

- Tá an-tábhacht ag baint le cleachtadh cuí a dhéanamh go rialta ar na codanna éagsúla den scrúdú seo. Éiríonn le líon mór iarrthóirí cruthú go sásúil sa Chluastuiscint agus sa Léamhthuiscint. Ba cheart tógáil ar an mbonn sin oiread agus is féidir le féin-mhuinín a chothu sna hiarrthóirí tabhairt faoi Scríobh na Teanga.

- Maidir leis an mBéaltriail éiríonn níos fearr leo siúd a mbíonn taithí acu ar leagan amach an scrúdaithe agus cur amach acu ar struchtúr na mbloc. Meabhraítear do mhúinteoirí go bhfuil fáil ar an leabhrán BT.4C ach é a lorg ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag (www.examinations.ie).

- Maidir le hiarrthóirí a mbíonn an-deacracht acu le scríobh na teanga moltar an cur chuige mall céimneach. I gcásanna mar sin, moltar dóibh tabhairt faoi líonadh isteach an CV, agus cleachtadh a dhéanamh ar na fáthanna a dteastódh obair áirithe uathu nó na fáthanna a dtaitneodh post áirithe leo. Is ceart taithí a fháil ar leas a bhaint as na spreagthaigh éagsúla atá ar an bpáipéar scrúdaithe chun cuidiú leis na hiarrthóirí oiread agus is féidir.

- Moltar an Ghaeilge a bheith mar mheán teagaisc agus mar mheán cumarsáide sa rang; straitéisí éagsúla a thriail leis an teagasc a chur chun cinn agus an fhoghlaim a dhéanamh chomh tarraingteach agus is féidir; ag obair i ngrúpaí a chleachtadh; ábhar dílis ó na meáin Ghaeilge a bheith in úsáid sa rang; an múineadh agus an teagasc a cheangal le saol laethúil na ndaltaí oiread agus is féidir.

- Dírítear aird na múinteoirí ar mholtaí na gcigirí de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le dea-chleachtas ranga agus múineadh na Gaeilge atá le fáil ar (www.education.ie).

2. An Gnáthleibhéal

2.1 Réamhrá

Siollabas: An siollabas ar a bhfuil an scrúdú seo bunaithe, tá sé i bhfeidhm sna scoileanna ó 1995.

Scrúdú: Tá ceithre chomhpháirt i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Gnáthleibhéal:

(a) An Bhéaltriail

(b) Triail Chluastuisceana

(c) Páipéar 1:
Ceapadóireacht
Léamhthuiscint

(d) Páipéar 2:
Cúrsa Litríochta

An Bhéaltriail (150 Marc)

An Fhormáid:
Tá dhá chuid sa bhéaltriail:

(a) Léitheoireacht (30 marc):
(b) Agallamh (120 marc)

Fad: 15 nóiméad, nó mar sin,

(a) Léitheoireacht (30 marc)

Bíonn 5 ghiota próis le roghnú roimh ré ag an iarrthóir as na 15 ghiota próis atá ainmnithe ag Coiste Gaeilge CNCM agus atá le fáil ar Cháipéis BT.4B. Roghnaíonn an scrúdaitheoir ceann amháin de na 5 ghiota sin. Tugann sé nóiméad amháin don iarrthóir chun an giota sin a iniúchadh sula n-iarrtar air/uirthi é a léamh os ard.

(b) Agallamh (120 marc):

Agallamh idir an scrúdaitheoir agus an t-iarrthóir a bhíonn sa chuid seo den scrúdú.

(i) Stór Gaeilge (75 marc)
Ar an ngné seo den teanga a bhronntar formhór na marcanna. Is éard a chiallaíonn Stór Gaeilge anseo ná cumas cumarsáide an iarrthóra sa teanga agus an scóip atá aige/aici déileáil le fairsinge ábhar.

(ii) Cumas Teanga (45 marc)
Tá fuílleach na marcanna ag roinnt le cruinneas Gaeilge an iar rthóra, is é sin an cumas atá ann/inti na príomhghnéithe de cheart na teanga a úsáid go cruinn.

An Triail Chluastuisceana (120 marc)

Fad: 40 nóiméad nó mar sin.

Sa triail seo éisteann na hiarrthóirí le 9 sliocht éagsúla a sheinntear ar dhlúthdhiosca agus scríobhann siad freagraí ar cheisteanna a chuirtear ar scrúdpháipéar. Bíonn an dlúthdhiosca céanna in úsáid ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal ach bíonn ceisteanna difriúla le freagairt ag na hiarrthóirí ag brath ar leibhéal an scrúdaithe a roghnaíonn siad.

Éisteann na hiarrthóirí le fógraí, le comhráite agus le míreanna nuachta. Le gnáthimeachtaí cultúrtha, eacnamaíochta, spóirt agus oideachais na tíre a bhaineann na míreanna éisteachta. Déantar cúram de na trí mhórchanúint sna píosa a bhí onn ar an dlúthdhiosca; is ar luas moillithe agus i gcanúint mhaolaithe a chuirtear na giotaí i láthair na n-iarrthóirí.

Páipéar 1 (220 marc)

Tá dhá chuid sa pháipéar seo:

1. Ceapadóireacht
Bíonn ar na hiarrthóirí dhá thasc a roghnú as ceithre cinn: Gio ta Leanúnach, Scéal, Litir agus Comhrá. Bítear ag súil leis go scríobhfaidh siad leathleathanach sa dá chás.

2. Léamhthuiscint
Bíonn dhá thriail léamhthuisceana ann, agus caoga marc an ceann ag gabháil leo. Cúig cheist a bhíonn le freagairt ar gach píosa.

Páipéar 2 (110 marc)

Bíonn ar iarrthóirí rogha a dhéanamh idir Cúrsa Ainmnithe agus Cúrsa Roghnach sa Phrós agus san Fhilíocht. Tá an Cúrsa Ainmnithe Litríochta faoi scrúdú anois ó 2006. Bíonn dhá cheist le freagairt ar an bprós agus dhá cheist ar an bhfilíocht. Ceadaítear d'iarrthóirí tabhairt faoin bPrós Ainmnithe nó faoin bPrós Roghnach; tá an tsaoirse chéanna acu maidir leis an bhFilíocht.

Bíonn ceist amháin le freagairt ar scéal amháin as rogha dhá cheann a thugtar ar an bpáipéar. Achoimre is mó a bhíonn le scríobh sa chéad chuid den cheist, agus cur síos ar charachtar sa scéal a lorgaítear sa dara cuid.

Maidir leis an dara ceist ar an bprós, bíonn saoirse ag an iarrthóir scéal ar bith eile a roghnú as na téacsanna ainmnithe seachas an dá scéal a bhí i gCeist 1. Bíonn ceist le freagairt ar phlota an scéil nó ar charachtar ann.

San fhilíocht ainmnithe, bíonn rogha idir dhá cheann de na dánta sa chéad cheist. Sa dara ceist bíonn dán ainmnithe ar an bpáipéar agus rogha idir dhá cheist ghinearálta le freagairt.

Bíonn an patrún céanna ceisteanna ann maidir leis an bPrós Roghnach agus leis an bhFilíocht Roghnach.

2.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

Rinne 25,816 iarrthóir scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mbliana ag an nGnáthleibhéal, 57.8% de líon iomlán na n-iarrthóirí ar fad a rinne scrúduithe Gaeilge na hArdteistiméireachta. Léiríonn na figiúirí i d Tábla 1 thíos go raibh laghdú beag le sonrú sa chéatadán a roghnaigh an Ghaeilge ag ATGL i mbliana. I ngeall air seo bhí méadú beag ar líon na n-iarrthóirí le sonrú i mbliana ag an dá leibhéal eile, ar bhonn uimhreach agus ar bhonn céatadáin.

Bliain	Líon na nIarrthóirí	Céatadán an Chohóirt
2005	28,082	59.2
2006	26,445	60.2
2007	25,663	58.3
2008	**25,816**	**57.8**

Tábla 1: Líon Iarrthóirí agus Céatadán an Chohóirt a rinne Gaeilge Gnáthleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta 2005-08.

NA TORTHAÍ IOMLÁNA

Bliain	A	B	C	ABC	D	E	F	N/G	EFNG
2005	3.4	33.0	38.7	75.1	19.6	4.4	1.0	0.0	5.4
2006	4.1	30.4	37.1	71.6	22.4	5.0	1.1	0.0	6.1
2007	4.7	40.9	34.0	79.6	15.7	3.7	1.0	0.0	4.7
2008	**4.9**	**33.4**	**36.6**	**74.9**	**19.7**	**4.5**	**1.0**	**0.0**	**5.5**

Tábla 2: Na gráid a gnóthaíodh i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal) 2005-08

2.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

An Bhéaltriail (150 marc)

Baineann an cur síos seo ar an ngnóthachtáil sa Bhéaltriail le hiarrthóirí a roghnaigh an Gnáthleibhéal **nó** an tArdleibhéal sa scrúdú scríofa.

Tá caighdeán ard i labhairt na Gaeilge ag iarrthóirí ar fud na tíre agus moltar na hiarrthóirí as a suim san ábhar, agus n a múinteoirí as a ndíograis á múineadh sna ranganna. Mheas na scrúdaitheoirí go raibh sé le haithint ar na hiarrthóirí ab fhearr ar éirigh leo gurb í an Ghaeilge gnáth-theanga na cumarsáide sa rang ina bhfuil siad ar scoil.

Maidir leis an Léitheoireacht, éiríonn go han-mhaith le han-chuid iarrthóirí. Tá líon an-bheag iarrthóirí ann, áfach, nach gcruthaíonn go maith sa chuid seo den scrúdú.

Maidir leis an gcaint ghinearálta bíonn an-éagsúlacht sna hiarrachtaí a dhéantar. Éiríonn go maith leis an gcuid is mó de na hiarrthóirí agus iad ag cur síos ar a ngarthimpeallacht; bíonn a ngabhchumas maith go leor, ach bíonn deacrachtaí acu nuair a leathnaítear an comhrá amach ó ábhair mar an dalta féin, an chlann, an baile, an scoil. Bíonn na scrúdaitheoirí ar a míl e dícheall ag cinntiú nach scrúdú eolais a bhíonn ann ach scrúdú cainte, agus déantar gach iarracht ábhair a tharraingt isteach sa chomhrá a spreagfadh na hiarrthóirí le caint a dhéanamh.

Tá claonadh tugtha faoi deara ag na scrúdaitheoirí, go mbíonn píosa í móra fada curtha de ghlanmheabhair ag iarrthóirí, ach nach léir i gcónaí mórán tuisceana a bheith ag an iarrthóir ar an ábhar ná ar an nGaeilge ar chor ar bith. A luaithe a chloiseann an t-iarrthóir an focal *scoil* mar shampla, tosaíonn sé/sí amach ar phíosa mór cainte réamhullmhaithe, ag déanamh cur síos ar gach aon rud a bhaineann leis an scoil. Tá sé sin go maith ach a luaithe a théann an scrúdaitheoir ón bpointe in aon chor, bíonn líon áirithe iarrthóirí i bponc. Fiú ceist mar 'Cad é an sport is mó a imríonn sibh anseo?' cruthóidh sé fadhbanna amanna don té nach bhfuil cleachtach ar chomhrá, is cuma cé chomh maith is atá sé ag cur píosaí fada réamhullmhaithe de ghlanmheabhair.

Thagair scrúdaitheoirí d'iarrthóirí a raibh cumas iontu, a raibh ullmhúchán maith déanta acu, agus a bhí breá ábalta caint a dhéanamh ach a raibh deacrachtaí acu leis na treoracha a thugtar istigh sa seomra féin, mar shampla: *Tá nóiméad agat chun féachaint ar an bpíosa sin anois*, nó *Abair leis an gcéad duine eile teacht isteach i gceann dhá nóiméad*, nó *An ndéarfaidh tú leis an gcéad duine eile fanacht ar feadh píosa, caithfidh mé dul agus labhairt leis an bpríomhoide*, agus na gnáthabairtí mar sin a bhíonn in úsáid ag an scrúdaitheoir i rith obair na seachtaine.

Má mhúintear an teanga leis an modh cumarsáideach agus ar bhealach comhtháite, má sheachnaítear modh an aistriúcháin oiread agus is féidir, agus má chothaítear an chumarsáid sa rang, éireoidh go maith leis na hiarrthóirí sa Bhéaltriail.

Tá fadhbanna leanúnacha ag iarrthóirí áirithe maidir le ceartúsáid na Gaeilge, áfach.

(i) Tá tionchar an Bhéarla le brath ar an teanga: *thóg mé suas* an caitheamh aimsire sin
(ii) bíonn botúin chomónta ann maidir le húsáid na réamhfhocal: bhí mé ag cabhrú *mo mháthair*; d'éirigh *mé* sa scrúdú
(iii) bíonn an chopail in easnamh go minic: *tá sé sin fadhb mhór*
(iv) bíonn na hinscní mícheart uaireanta: *fadhb mór* agus *oíche maith*
(v) bíonn claonadh ann an aimsir chaite a úsáid fiú nuair is léir nach í sin an aimsir atá ag teastáil: rachaidh mé go dtí an ollscoil an bhliain seo chugainn agus *rinne*…agus *fuair*…
(vi) Thagair na scrúdaitheoirí don mhodh coinníollach: tá cuid de na daltaí ábalta ar é a úsáid nuair a chuirtear ceist dhíreach orthu, ach ní éiríonn leo é a úsáid sa ghnáthchaint.

An Triail Chluastuisceana (120 Marc)

Ba léir ar na freagraí sa chuid seo den scrúdú gur éirigh go maith le líon mór iarrthóirí agus gnóthaíodh marcanna maithe dá réir. Bhí líon mór iarrthóirí a bhí ábalta déileáil leis an ábhar ar an dlúthdhiosca, a thuig na topaicí agus an ionramháil a rinneadh orthu sna giotaí taifeadta. Chuaigh siad i ngleic leis an ábhar ar bhealach tuisceanach. Ar an iomlán, d'éirigh go maith leis na hiarrthóirí i gCuid A (Na Fógraí), agus i gCuid C (Na Píosaí Nuachta). Ina ainneoin seo is uile tugadh faoi deara go raibh deacrachtaí ag líon suntasach iarrthóirí le Cuid B (Na Comhráite) agus laghdú dá réir sna marcanna a gnóthaíodh sa chuid sin i mbliana i gcomparáid le blianta eile.

Measadh Cuid A a bheith inláimhsithe, go háirithe an dá phíosa tosaigh. Tá sé lua ite i dtuarascálacha na scrúdaitheoirí le blianta beaga anuas go dtugann tús ar an dóigh seo

spreagadh agus misneach do na hiarrthóirí. Bhí deacrachtaí ag líon beag iarrthóirí i gCuid A leis an gceist faoi cé air a mbronnfaí na scoláireachtaí i bhFógra a Dó, agus leis an tagairt don chaighdeán Gaeilge a bhí á lorg i bhFógra a Trí.

Bhí an fhreagairt réasúnta sásúil i gCuid B. Maidir le Comhrá 1, Mír 1- bhí fadhb ag iarrthóirí a dhéanamh amach gur teach saoire a bhí á cheannach ag tuismitheoirí Shéamais. Bhí deacrachtaí móra ag líon mór iarrthóirí leis an dara ceist i Mír 2. Theip orthu a dhéanamh amach cén chéim a bhí á déanamh ag Séamas. Céim innealtóireachta an freagra a bhí ag teastáil agus ba iad na hiarrthóirí ab fhearr gnóthachtáil amháin a d'aithin an t-eolas.

Bhí an fhreagairt sásúil i gcás Chomhrá 2.

Ní raibh an fhreagairt i gComhrá 3 chomh maith leis an bhfreagairt sa chuid eile den triail chluastuisceana. Cé go raibh an t-ábhar tráthúil go maith – bailiú airgid d'ospís na Gaillimhe agus an cúram a thugtar d'othair a bhfuil ailse orthu – bhí deacrachtaí ar leith ag iarrthóirí le Mír 2. Bhí go leor iarrthóirí ann nár éirigh leo ceachtar den dá cheist a fhreagairt: (i) Cad a cheannófar leis an airgead? (Mionbhus) agus (ii) Luaigh rud amháin atá ag teastáil fós (banaltra(í) nó leaba/leapacha).

Maidir le Cuid C, bhí an fhreagairt measartha maith sa chuid seo. Bhí deacrachtaí móra áfach ag iarrthóirí áirithe le Píosa 3, Ceist 1. Bhí líon mór iarrthóirí ann nár aithin an nath "trí scór bliain".

Páipéar 1

Ceapadóireacht (120 marc)

A: Giota Leanúnach

D'éirigh go sásúil le formhór na n-iarrthóirí sa chuid seo den scrúdú. Ba léir go raibh cleachtadh maith ag na hiarrthóirí ar an saghas seo ceapadóireachta. Níor cailleadh mórán marcanna mar gheall ar na hiarrachtaí a bheith róghairid ach cailleadh marcanna nuair nár bhain an cheapadóireacht le hábhar.

Na teidil sna giotaí leanúnacha

(i) An aimsir in Éirinn
Níor thug ach líon beag iarrthóirí faoin rogha seo. Na hiarrthóirí a roghnaigh an t-ábhar seo, bhí siad breá ábalta ar é a láimhseáil. Thuill siad marcanna arda ar na smaointe agus ar na nathanna oiriúnacha a bhí réamhullmhaithe acu. Ní raibh aon mhíthuiscint ann anseo maidir le láimhseáil an ábhair.

(ii) An áit is fearr liom ar domhan
Thug líon mór iarrthóirí faoin ábhar seo agus d'éirigh go maith leo. Ní raibh aon mhíthuiscint ann maidir le láimhseáil an ábhair. Ba léir go raibh a leithéid seo d'ábhar pléite agus ullmhaithe sa rang acu, agus chabhraigh sé sin leo iarrachtaí fiúntacha a sholáthar lá an scrúdaithe.

(iii) Ní maith liom an Luan
Níor roghnaigh mórán iarrthóirí an t-ábhar seo. Bhí cuid mhór de na giotaí thar a bheith ginearálta agus fadálach. Ní raibh i gcuid mhór acu ach liodán de rudaí a bhíonn ag dó na geirbe acu maidin Luain.

B: An Scéal

Bhí méadú beag i líon na n-iarrthóirí a roghnaigh an scéal i mbliana. Tá an claonadh seo le tabhairt faoi deara le tamall de bhlianta anuas. Tá laige chomónta le sonrú anseo, áfach. Tugann iarrthóirí áirithe faoin scéal ach is beag iarracht a dhéanann siad cloí le hábhar an scéil. Tá an laige chéanna seo luaite ag an bPríomhscrúdaitheoir ina thuarascáil don Teastas Sóisearach, Ardleibhéal. Is léir go mbíonn scéalta nó creatlacha scéalta réamhullmhaithe ag na hiarrthóirí agus, ar an leid is lú s na teidil ar an bpáipéar scrúdaithe, cuireann siad díobh iad sa tsúil go sásóidh siad éilimh na ceiste seo. Is baolach an cur chuige é seo mar is minic nach raibh ach baint imeallach ag an scéal a scríobhadh le hábhar na ceiste, agus cailleadh marcanna dá réir. Níor mhór d'iarrthóirí an cur chuige seo a sheachaint feasta. Cé go bhfuil ullmhúchán ar siúl don scrúdú ní ullmhúchán stuama é.

(i) Sa seomra feithimh ag fanacht leis an bhfiaclóir
Ba é an scéal seo rogha thromlach na n-iarrthóirí agus d'éirigh go maith le cuid mhór acu. Ní raibh aon easpa smaointe orthu agus iad ag dul i ngleic leis an spreagthach seo agus d'éirigh leo ceangal a shnaidhmeadh idir a gcuid smaointe agus teideal an scéil. Bhí líon beag iarrthóirí ann nár thuill aon mharc sa cheist seo áfach, mar nach bhfuarthas aon cheangal idir na spreagthaigh a tugadh agus an méid a scríobhadh.

(ii) Glaoch gutháin ag insint duit go bhfuil áit faighte agat ar an bhfoireann
Thug líon réasúnta mór iarrthóirí faoin rogha seo. Bhí foirne de gach aon sa ghas i gceist agus freagraí breátha spéisiúla ag na hiarrthóirí is fearr. Bhí an fhadhb chéanna leis an gceist seo ar ndóigh, is é sin iarrthóirí ag scríobh faoi ábhar nár bhain leis an spreagthach.

C: An Litir

Bhí caighdeán na bhfreagraí sa cheist seo an-mhaith den chuid is mó. Is léir go bhfuil cleachtadh ag iarrthóirí ar an saghas seo ceapadóireachta agus is léir go dtaitníonn sé leo.

(i) Litir abhaile ó Shasana ag rá go bhfanfaidh tú ann agus nach ndéanfaidh tú an cúrsa tríú leibhéil san Fhómhar
Iarrachtaí breátha den chuid is mó a bhí le fáil anseo. Bhí nathanna oiriúnacha agus abairtí deasa ag líon mór iarrthóirí. An laige ba mhó anseo ná go ndearna líon mór iarrthóirí míléamh ar an gceist seo agus dúirt go raibh siad *ag filleadh chun an cúrsa a dhéanamh*.

(ii) Litir go siopadóir ag gearán faoi dhuine dá fhoireann a dhíol tobac le duine faoi aois

Mionlach fíorbheag de na hiarrthóirí a thug faoin rogha seo agus ba bheag duine acu sin a ghnóthaigh marcanna arda. Theip ar líon áirithe iarrthóiri an t-abhar seo a phlé ar bhealach sásúil toisc nach raibh a stór teanga forbartha a dhóthain.

D: An Comhrá

Bhí laghdú ar líon na n-iarrthóirí a roghnaigh an comhrá i mbliana. Bhí an dá shaghas iarrthóirí ann - iad siúd ar éirigh go maith leo agus iad siúd a raibh deacrachtaí móra acu leis an gceist seo. Tá an chosúlacht air go dtugann iarrthóirí áirithe faoin gcomhrá sa scrúdú gan mórán cleachtaidh a bheith acu ar an saghas seo ceapadóireachta sa seomra ranga. Moltar go bhfaigheadh iarrthóirí cleachtadh ar an gcineál seo ceapadóireachta i gcomhthéacs an ullmhúcháin don Bhéaltriail. Bunphrionsabal foghlama agus teagaisc maidir le teangacha ná go gcothaí onn na scileanna difriúla a chéile.

(i) Comhrá le cara faoin scoil
Bhí cuid mhór iarrthóirí ábalta tabhairt faoin ábhar seo ar bhealach tuisceanach. Bhí seans acu tarraingt as an stór tuairimí a bhí ullmhaithe acu don Bhéaltriail. Gnóthaíodh marcanna maithe sa chuid seo den scrúdú.

(ii) Comhrá faoi dhuine sa saol poiblí
Ceapadh go mbeadh an-scóip ag iarrthóirí sa cheist seo ach ní raibh an fhreagairt chomh maith agus a ceapadh a bheadh. Ba bheag an líon iarrthóirí a roghnaigh an t-ábhar, agus iad siúd a thug faoi, níor éirigh rómhaith leo. Ní raibh téagar sna freagraí ná smaointe úra le fáil agus bhí go leor de na hiarrachtaí róghearr.

Léamhthuiscint (100 marc)

Ba léir ar an bhfreagairt go raibh tromlach na n-iarrthóirí ábalta dul i ngleic leis an dá phíosa léamhthuisceana i mbliana. Bhí na píosaí soláimhsithe ag na hiarrthóirí agus ag teacht lena raon spéise. Thagair go leor scrúdaitheoirí don chaoi ar tugadh aitheantas do 'na Gaeil nua' sa phíosa faoi chailín ón bPolainn, **"**Bean Spéisiúil ón bPolainn". Gnóthaíodh marcanna arda ar na freagraí ar na ceisteanna léamhthuisceana tríd síos agus d'éirigh le riar maith iarrthóirí lánmharcanna a bhaint amach in A agus in B. Bhí níos lú iarrthóirí ann i mbliana a chuaigh i dtuilleamaí an athscríofa gan dealramh sa tsúil go mbeadh an freagra ceart acu áit éigin. Is léir ón scéim mharcála go ngearrtar pionós trom ar fhreagraí den saghas seo. Ní bhronntar marc ar bith nuair is léir nár thuig an t-iarrthóir an cheist nó nár éirigh leis an freagra a aimsiú. Ba mhór an cuidiú iad na marcanna arda a tuilleadh sa Léamhthuiscint ag iarrthóirí áirithe grád D a bhaint amach sa scrúdú iomlán.

Páipéar 2

Prós Ainmnithe/Roghnach

Bhí an fhreagairt go maith sa chuid seo den pháipéar agus bhí na marcanna ag teacht leis an meán le cúig bliana anuas.

Sa chead cheist bhí rogha idir *Clare sa Spéir* nó *Lá Buí Bealtaine* agus *An Cearrbhach Mac Cába*. D'fhreagair suas le 75% de na hiarrthóirí ceist ar an scannán *Clare sa Spéir* nó ar an scéal béaloidis *An Cearrbhach Mac Cába*. Ba bheag iarrthóir a d'fhreagair ceist ar an dráma *Lá Buí Bealtaine*. Ba léir go raibh na scéalta ar eolas go maith ag na hiarrthóirí ba chumasaí, agus bhí an dream seo go speisialta breá ábalta tabhairt faoin dara cuid den cheist, áit ar lorgaíodh tuairimí pearsanta faoi dhuine de na carachtair, Clare nó Eoin, Peadar nó Dia.

Maidir le cuid (b), bíonn taithí ag iarrthóirí ar an gceist seo agus éiríonn leo iarracht shásúil a dhéanamh. Cé go raibh an rogha a rinneadh idir téama agus eachtraí cothrom go maith ba iad *Fiche Blian ag Fás* agus *An Bhean Óg* an dá shaothar ba mhó a roghnaíodh. Is léir go mbíonn deacracht ag iarrthóirí áirithe leis an ngearrscéal *Coileach Ghleann Phádraig* agus leis an sliocht as an úrscéal *Lig Sinn i gCathú.*

Ní dhéanann ach líon an-bheag iarrthóirí an prós roghnach anseo. Iarrthóirí cumasacha iad seo den chuid is mó, a mbíonn an t-ábhar ullmhaithe go maith acu. Éiríonn lena bhformhór marcanna arda a ghnóthú.

Bhí líon an-bheag iarrthóirí ann i mbliana a roghnaigh an cheist ar an bPrós Roghnach ach a thagair don Phrós Ainmnithe agus iad ag freagairt na gceisteanna, nó a mhalairt, a roghnaigh ceist ar an bPrós Ainmnithe ach a thagair don Phrós Roghnach. Ní cheadaítear sin agus níor bronnadh aon mharc ar fhreagraí den saghas sin. Is doiligh a rá le cinnteacht cad is cúis leis an rogha iomraill seo, easpa cúraim, barraíocht deifre, nó easpa taithí ar leagan amach an pháipéir.

Filíocht Ainmnithe/Roghnach

Jack nó *Bimse Buan ar Buairt Gach Ló* an dá rogha a bhí i gceist 1 (a). Rinne níos mó ná 60% de na hiarrthóirí an cheist ar *Jack* agus bhí an fhreagairt an-sásúil den chuid is mó. Iarrthóirí nár éirigh chomh maith sin leo bhí deacracht acu leis an gceist ar na dathanna, na tagairtí a aimsiu agus cur síos a dhéanamh ar na dathanna ina bhfocail féin. Níor éirigh le cuid acu an dara dath a aimsiú agus chaill siad marcanna dá réir.
Bhí an fhreagairt sásúil ar an dán *Bímse Buan ar Buairt Gach Ló* seachas i gceist (iii), áit a raibh deacracht leis an gceist ag lorg tagairtí cinnte ón dán a thabharfadh le fios go raibh an file faoi bhrón.

Bhí an dara ceist 1(b) bunaithe ar an dán *Faoiseamh a Gheobhadsa*, agus bhí rogha ann. Bhí liosta de mhothúcháin tugtha agus iarradh ar na hiarrthóirí mothú amháin a roghnú agus cuntas a scríobh bunaithe ar thagairtí ón dán. Sa dara ceist iarradh orthu príomhsmaointe an dáin a phlé agus cur síos a thabhairt ar íomhá amháin ón dán . Bhí an fhreagairt an-sásúil ar an dá chuid den cheist seo.

Prós Roghnach agus Filíocht Roghnach

Líon an-bheag iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach. Cuid acu is daoine iad a bhí ag gabháil don Ardleibhéal go dtí go déanach sa chúrsa agus tuair iscíodh gur úsáid cuid acu na dánta dualgais breise mar fhreagra ar an bhFilíocht Roghnach. Tá sé seo ceadaithe ar ndóigh. Go minic iarrachtaí sármhaithe a bhí anseo. Bhí iarrachtaí eile ann nuair ba léir gur bheag an t-eolas a bhí ag na hiarrthóirí sin ar an téacs; bhí scrúdaitheoirí in amhras an ndearnadh stáidéar ar na téacsanna in aon chor. Is léir go bhfuil líon áirithe iarrthóirí ann nach bhfuil ar a gcumas a gcuid féin a dhéanamh den phrós ainmnithe, agus a théann sa tseans leis an gceist sin.

2.4 Tátail

An Bhéaltriail

- Beatha teanga í a labhairt. D'éirigh go maith leis na hiarrthóirí úd a raibh taithí acu ar labhairt na Gaeilge. Bhí siad ábalta comhrá nádúrtha a choimeád; bhí stór focal oiriúnach acu; ba léir orthu go raibh taithí acu ar labhairt n a teanga.

- Bhí líon mór iarrthóirí a chruthaigh go han-mhaith sa Léitheoireacht a bhí mar chuid den Bhéaltriail.

- Bhí líon beag iarrthóirí nár chruthaigh go maith sa phíosa léitheoireachta. Ba léir i gcásanna áirithe nach raibh aon chleachtadh déanta acu ar léamh os ard.

- Go minic bhí iarrthóirí ann a bhí ábalta déileáil le hábhar ón ngarthimpeallacht, an chlann, an scoil mar shampla, ach nach raibh abalta an comhrá a leathnú amach. Uaireanta níor freagraíodh an cheist a cuireadh ach thosaigh an t-iarrthóir ar óráid réamhullmhaithe nár bhain le hábhar.

- Níl slí níos fearr le hullmhú don chuid den scrúdú ná bealach níos cinnte le gnóthachtáil fhiúntach a chinntiú ná caint agus comhrá as Gaeilge a bheith mar chuid lárnach den obair ranga. Moltar na múinteoirí agus na daltaí a dhéanann sár-iarracht an Ghaeilge a bheith mar theanga c humarsáide sa rang.

- Tugtar moladh speisialta d'údaráis scoile a bhfuil ról na Gaeilge aitheanta acu sna polasaithe scoile atá curtha i bhfeidhm acu. Iarrthóiri i scoileanna mar s in ní bhíonn deacracht acu cruthú go maith sa Bhéaltriail.

An Trial Chluastuisceana

- Bhí iarrthóirí ann a bhí an-mhaith sa chuid seo den scrúdú. Is léir go raibh taithí acu ar an gcleachtas seo sa rang, agus go raibh straitéisí leagtha amach acu roimh ré. Ábhar maíte é ag múinteoirí agus ag iarrthóirí go raibh líon substaintiúil iarrthóirí ann i mbliana nach raibh deacrachtaí acu leis an triail chluastuisceana ag an leibhéal seo.

- Níl bealach ar bith níos éifeachtaí le hullmhúchán a dhéanamh don chuid seo den scrúdú ná na scileanna a bhaineann leis an gcluastuiscint a chleachtadh go rialta trí bheith ag éisteacht le píosaí dílse ó na meáin chraolta Ghaeilge, Raidió na Gaeltachta agus TG4, mar shampla.

- Bhí sé soiléir freisin áfach, go raibh líon áirithe i arrthóirí ann nach raibh na focail cheistiúcháin ar eolas acu; nár léir taithí a bheith acu ar éisteacht le píosa cainte ó thus deireadh; nach raibh ar a gcumas láimhseáil réasúnta a dhéanamh ar an gcuid seo den scrúdú.

- Is léir sna cásanna sin go bhfuil gá le níos mó obair ranga mar ullmhúchán don ghné seo den scrúdú. Bhí an Triail Chluastuisceana seo ag teacht go hiomlán le leagan amach traidisiúnta na Trialach Cluastuisceana, agus ar aon deacracht leis na trialacha a bhí ann le blianta beaga anuas.

An Cheapadóireacht

- Chuir cuid mhór iarrthóirí píosaí ceapadóireachta an-mhaith ar fáil. Ba léir ar na píosaí ceapadóireachta ab fhearr go raibh na hiarrthóirí taithíoch ar scríobh na Gaeilge, ábalta dul i ngleic le hábhair as a n-eispéireas laethúil féin, ábhair fhírinneacha, a thaitiníonn leo agus ar chuir siad spéis iontu. Ba léir ó na samplaí ceapadóireachta ab fhearr go n-éiríonn leis na múinteoirí a bhfuil ar siúl sa rang Gaeilge a cheangal leis an saol réadúil lasmuigh, agus bhí úire smaointe agus cruinneas Gaeilge le sonrú sna hiarrachtaí ab fhearr.

- Níor éirigh chomh maith céanna le gach duine, ar ndóigh. Bhí laigí áirithe soiléir. Fuarthas roinnt píosaí ar cosúil iad a bheith réamhfhoghlamtha de ghlanmheabhair ag na hiarrthóirí agus ar cuireadh faoi cheann de na teidil iad gan aon bhaint a bheith acu le hábhar an teidil. Tá gá le hullmhúchán agus is maith is fiú é stór focal agus nathanna cainte a chur de ghlanmhea bhair. Níor mhór don iarrthóir iad a úsáid go cruthaitheach, áfach, agus gan stór focal agus nathanna a scríobh síos mura mbaineann siad le hábhair an teidil atá ar an bpáipéar.

- Mheas na scrúdaitheoirí go raibh rian na taithí ar iarrachtaí ceapadóireachta cuid mhór iarrthóirí. Bhí dream beag ann, áfach, ar léir nach raibh siad cleachtach ar scríobh na Gaeilge agus níor shroich siad an leibhéal inmhianaithe. Ar na laigí agus ar na lochtanna ba chomónta bhí:

    (a) Mí-úsáid na copaile

    (b) Litriú lochtach, nach raibh ag freagairt do dheilbhíocht na Gaeilge

    (c) Easpa tuisceana ar aimsirí na mbriathra

    (d) Míchruinneas maidir leis na haidiachtaí sealbhacha

    (e) Míchruinneas maidir leis na forainmneacha réamhfhoclacha

    (f) Dul an Bhéarla a bheith ar chomhréir na n-abairtí.

An Léamhthuiscint

- Bhí an fhreagairt an-sásúil ar an dá chuid den cheist seo. Bhí na hiarrthóirí ba lú gnóthachtáil ábalta iarracht mhacánta a thabhairt faoin ábhar seo. Bhí taithí acu ón Teastas Sóisearach ar an gcineál seo ceiste a dhíríonn ar na scileanna gabhchumais.

- Bhí athrú chun feabhais le tabhairt faoi deara i mbliana. Bhí i bhfad níos lú iarrthóirí ann a d'fhág sliocht léamhthuisceana iomlán nó cuid de ar lár. Is léir mar sin go bhfuil cumas maith léitheoireachta bainte amach ag céatadán an-ard de na hiarrthóirí Gnáthleibhéil.

Páipéar 2: Ceisteanna Próis agus Filíochta

- Bhí freagraí breátha ag formhór na n-iarrthóirí sna míreanna seo. Bhí sé soiléir ar na hiarrachtaí breátha go raibh dianstaidéar déanta ar an gcuid seo den chúrsa.

- Bhí iarrthóirí ann nár thug aird cheart ar na ceisteanna, áfach. Ba mhinic ná r scríobhadh ach achoimre lom ar an scéal a luadh sa cheist gan díriú i gceart ar bhrí na ceiste a cuireadh. Moltar do mhúinteoirí a chomhairliú dá gcuid daltaí foclaíocht na gceisteanna a léamh go cúramach agus díriú i gcónaí ar an eolas a éilítear.

- Iarrthóirí a raibh deacrachtaí acu leis an bPrós, ba mhinic a bhí na fadhbanna céanna le sonrú san Fhilíocht acu: achoimre scríofa gan díriú i gceart ar na ceisteanna a cuireadh; gan línte taca acu ón dán; gan tuairim phearsanta a thabhairt faoi dhán, *Thaitin an dán seo liom mar …* nó *Níor thaitin an dán seo liom mar …*, mar shampla.

- Is léir go bhfuil obair fhónta ar siúl maidir le múineadh na Gaeilge do scoláirí gnáthleibhéil agus go n-éiríonn go maith le cuid mhór acu san ábhar seo sna scrúduithe stáit.

- Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil líon beag iarrthóirí fós ann nach ndéanann iomlán na gcomhpháirteanna den scrúdú ar chúis amháin nó ar chúis eile.

2.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Mhic Léinn

- Beatha teanga í a labhairt. Moltar na múinteoirí agus na daltaí a dhéanann sár-iarracht an Ghaeilge a bheith mar theanga chumarsáide sa rang. Tugtar moladh speisialta d'údaráis scoile a bhfuil ról na Gaeilge aitheanta acu sna polasaithe scoile atá curtha i bhfeidhm acu. Iarrthóirí i scoileanna mar sin ní bhíonn deacracht acu cruthú go maith sa Bhéaltriail.

- Níl slí níos fearr le hullmhú don chuid den scrúdú ná bealach níos cinnte le gnóthachtáil fhiúntach a chinntiú ná caint agus comhrá as Gaeilge a bheith mar chuid lárnach den obair ranga. An Ghaeilge a bheith mar mheán teagaisc, agus í in úsáid lasmuigh den rang Gaeilge más féidir, an t-aon ullmhúchán is gá a dhéanamh don chuid seo den mheasúnú.

  - Ba chóir do na hiarrthóirí cleachtadh rialta a dhéanamh ar an scríbhneoireacht sa rang agus mar chuid den obair bhaile.

  - Ba chóir aistriúchán comhuaineach sa rang a sheachaint mar nach gcabhraíonn sé leis na daltaí go fadtréimhseach an Ghaeilge a shealbhú.

  - Ba chóir ábhair dhílse ó na meáin a úsáid mar áiseanna teagaisc agus foghlama sna ranganna. Ba cheart tarraingt as stór fairsing Raidió na Gaeltachta agus TG4 chun míreanna nuachta atá tráthúil agus spéisiúil a sholáthar.

  - Moltar go gcloífí leis an gcur chuige comhtháite scileanna sna modhanna teagaisc. Is éifeachtaí go mór é má bhítear ag déileáil le hábhair thráthúla ó eispéireas laethúil na ndaltaí, ábhair atá fírinneach, a thaitníonn leo agus a gcuireann siad spéis iontu. Ba léir ar na hiarrachtaí ceapadóireachta ba mhó ar baineadh triail astu i mbliana gur bh ábhair iad a bhain leis an réimse saoil agus taithí a chuimsítear sa Bhéaltriail, agus go raibh na hiarrthóirí ábalta tarraingt go furasta as téamaí a bhí ullmhaithe go maith acu.

  - Níor chóir féachaint ar aon chomhpháirt den scrúdú mar aonad inti féin. Is í an aidhm chéanna a ghabhann leo ar fad, an Ghaeilge a bheith mar theanga bheo ag an iarrthóir. Is é sin an fáth a gcaithfear an bhéim a leagan sa teagasc agus san fhoghlaim ar chomhtháthú na scileanna.

  - Ba chóir an plé a dhéantar ar an Litríocht a cheangal le gnáthimeachtaí ranga le go mbeidh na ceithre scil – an éisteacht, an chaint, an léamh agus an scríobh – á gcur in úsáid ar feadh an tsiollabais ar fad.

  - B'fhiú go mór do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí féachaint ar a bhfuil scríofa ag cigirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ina dtuairisc í cigireachta, atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, (**www.education.ie**). Dírítear aird na múinteoirí freisin ar an scéim mharcála agus ar na páipéir scrúdaithe atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, (**www.examinations.ie**).

- Baineann na moltaí seo leanas leis an mBéaltriail go sonrach. Cuirtear isteach anseo iad mar chuid den tuarascáil ar an nGnáthleibhéal. Baineann siad leis an dá leibhéal eile chomh maith. Ba chóir comhtháthú a dhéanamh idir na codanna éagsúla den siollabas agus labhairt na Gaeilge a bheith lárnach sa teagasc i gcónaí.

- Moltar an obair bheirte mar bhealach le comhrá sa rang a chothú agus taithí ar scil an cheistiúcháin a thabhairt do na daltaí.

- Ba chóir ábhar ó na meáin a úsáid go rialta sa rang, le caint i measc na ndaltaí a spreagadh.

- Ba chóir go mbeadh labhairt na Gaeilge mar ghnáthchleachtas sa rang Gaeilge ón gcéad bhliain ar aghaidh.

3. An tArdleibhéal

3.1 Réamhrá

Siollabas: An siollabas ar a bhfuil an scrúdú seo bunaithe, tá sé i bhfeidhm sna scoileanna ó 1995.

Scrúdú: Tá ceithre chomhpháirt i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Ardleibhéal:

(a) An Bhéaltriail

(b) Triail Chluastuisceana

(c) Páipéar 1:
Ceapadóireacht
Léamhthuiscint

(d) Páipéar 2:
Cúrsa Litríochta

An Bhéaltriail (150 marc) agus an Triail Chluastuisceana (100 marc)
Féach ar a bhfuil scríofa sa réamhrá don Ghnáthleibhéal ar leathanach 14 den tuarascáil seo faoin dá roinn seo den scrúdú.

Páipéar 1: Dhá cheist le freagairt

Ceist 1 – Ceapadóireacht (100 marc)

Bíonn 80 marc ag roinnt leis an gcumas Gaeilge agus 20 marc le hionramháil an ábhair. Sa chumas Gaeilge áirítear fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra mar aon le beachtas maidir le máistreacht ar chruinnúsáid na bpríomhghnéithe de cheart na Gaeilge. Bítear ag faire amach don ghramadach, don chomhréir, don struchtúr agus don deilbhíocht. I gcás an Ábhair de, bítear ag faire amach d'úire smaointe, do scilean na ionramhála agus don chruthaitheacht. Baintear leas as na critéir sin d'fhonn an Ghaeilge agus an tÁbhar araon a mharcáil de réir na n-aicmí seo a leanas: sár-mhaith, an-mhaith, maith, measartha, lag, an-lag.

Tá mioneolas faoi scéim mharcála na bpíosaí ceapadóireachta agus faoin gcuid eile den scéim mharcála le fáil ar shuíomh idirlín Choimisiún na Scrúduithe Stáit
(www.examinations.ie).

Ceist 2 – Léamhthuiscint (70 marc)

Bhí dhá thriail Léamhthuisceana ann:

1. Cur síos ar thréigean an Bhlascaoid Mhóir agus plé ar na hiarrachtaí leanúnacha atá ar siúl le Páirc Náisiúnta a dhéanamh den oileán.
2. Cuntas ar an gcomhlacht trádála FairTrade agus ar na hiarrachtaí atá ar siúl aige le cearta a fháil do tháirgeoirí caife agus earraí eile ar fud an domhain.

Bhí cúig mhórcheist le freagairt ar gach píosa, na ceisteanna sin roinnte ina dhá c huid, agus 4 mharc agus 3 mharc ag roinnt le gach cuid faoi seach. Lorgaíodh ionramháil i ngach freagra agus gearradh pion ós áirithe ar iarrthóirí nuair nach ndearnadh iarracht na freagraí a thabhairt ina bhfocail féin.

Páipéar 2: Ceithre cheist le freagairt

Ceist 1 – Prós Ainmnithe nó Roghnach (40 marc)

Bíonn dhá cheist le freagairt ar Phrós Ainmnithe **nó** ar Phrós Roghnach. Déanann tromlach mór na n-iarrthóirí an Prós Ainmnithe. Thart ar 5 ionad a roghnaigh an Prós Roghnach i mbliana chomh maith le hiarrthóirí a bhí ag athdhéanamh an scrúdaithe.

Ceist 2 – Próstéacs Breise (40 marc)
Roghnaíonn iarrthóirí téacs ainmnithe nó téacs roghnach as ceann amháin de na ceithre rannóg Litríochta, mar atá gearrscéal, úrscéal, dírbheathaisnéis nó dráma.

Ceist 3 – Filíocht Ainmnithe nó Filíocht Roghnach (30 marc)
Bíonn dhá cheist le freagairt ar an bhFilíocht Ainmnithe **nó** ar an bhFilíocht Roghnach. Déanann tromlach mór na n-iarrthóirí an Fhilíocht Ainmnithe. Thart ar 5 ionad a roghnaigh an Fhilíocht Roghnach i mbliana chomh maith le hiarrthóirí a bhí ag athdhéanamh an scrúdaithe.

Dánta Dualgais Breise (30 marc)
Ocht gcinn de Dhánta Dualgais Breise atá leagtha síos sa siollabas. Bíonn dhá cheann de na dánta sin faoi scrúdú gach bliain, agus bíonn ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar cheann amháin den dá dhán ar an bpáipéar.

Bíonn 10 marc le fáil ag iarrthóirí as feabhas a gcuid Ghaeilge sna freagraí ar na ceisteanna filíochta.

Ceist 4 – Stair na Gaeilge (30 marc)
Bíonn ar iarrthóirí dhá cheist a fhreagairt as sé cinn a bhíonn ar an bpáipéar.

3.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

Le dhá bhliain anuas tá ardú beag le tabhairt faoi deara ar líon agus ar chéatadán na n-iarrthóirí a roghnaíonn an tArdleibhéal. Fáiltítear roimhe sin.

Bliain	Líon Iarrthóirí	Céatadán an Chohóirt
2005	14354	30.2
2006	12948	29.5
2007	13831	31.4
2008	**13998**	**31.3**

Tábla 1: Iomláin agus céatadáin na nIarrthóirí i Scrúdu Gaeilge na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) 2005-08

Is léir go bhfuil líon na n-iarrthóirí a fhaigheann grád A agus an líon a fhaigheann na gráid A B agus C ag fanacht seasmhach. Is dea-theist í seo ar an múineadh agus ar an bhfoghlaim sa seomra ranga agus tréaslaítear le múinteoirí agus le daltaí a ndíograis agus iad i mbun teagasc agus foghlaim na Gaeilge. Tá na torthaí seasmhach go maith ó 2005 anall. Chomh maith leis sin bhí ardú ann i mbliana ar líon na n–iarrthóirí seachtracha a thug faoin nGaeilge Ardleibhéil.
Ta líon an-bheag iarrthóirí ag gabháil don scrúdú seo a mbíonn an-deacracht acu grád D a bhaint amach. I gcás an mhionlaigh sin b'fhearr go mór dóibh tabhairt faoin nGnáthleibhéal.

NA TORTHAÍ IOMLÁNA

Bliain	A	B	C	ABC	D	E	F	N/G	E, F, N/G
2005	13.5	33.7	35.9	83.1	16.0	0.9	0.0	0.0	0.9
2006	12.5	36.1	36.0	84.6	14.5	0.9	0.0	0.0	0.9
2007	12.3	34.1	36.6	83.0	15.9	0.9	0.1	0.0	1.0
2008	**13.1**	**33.1**	**35.8**	**82.0**	**16.9**	**1.0**	**0.1**	**0.0**	**1.1**

Tábla 2: Gráid na nIarrthóirí i Scrúdu Gaeilge na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) 2005-08

3.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

Anseo thíos féachfar ar gach cuid den scrúdú agus léireofar cé chomh maith agus d'éirigh leis na hiarrthóirí ann.

An Bhéaltriail
Moltar do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí a bhfuil scríofa níos luaithe sa tuarascáil seo faoin nGnáthleibhéal a léamh.

An Triail Chluastuisceana
Maireann an triail seo thart ar 40 nóiméad.

100 marc a bhí ag roinnt leis an gcuid seo den scrúdú. Trí chuid a bhí ann: fógraí, comhráite, agus píosaí nuachta. Bhí cúig cheist is daichead le freagairt i mbliana, agus dhá mharc, marc amháin, nó náid, le gnóthú i ngach cás. Chomh maith leis sin bhí marc as 10 le gnóthú ar chaighdeán na Gaeilge.

Bhí na hábhair ar an dlúthdhiosca bunaithe ar na topaicí sa siollabas. Bhí trí fhógra ann, ceann ar an gcomórtas "Aiste sa Rang" a d'eagraigh an nuachtán Foinse, ceann faoi

scoláireachtaí innealtóireachta tríú leibhéal do chailíní, a d'fhógair Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann i bpáirt le Dell, agus an tríú ceann faoi fháilteoir a bheith á lorg ag an gcomhlacht léirithe teilifíse Nemeton. Maidir leis na píosaí nuachta i gCuid C, bhí cur síos ar oscailt na leabharlainne i mBaile Bhuirne, ar léiriú drámaíochta i seanscoil Shailearna agus ar cheiliúradh ag pobal Ailt an Chorráin don sagart paróiste. Bhí na fógraí sin ar fad ar an nuachtán *Foinse* nó ar Raidió na Gaeltachta níos luaithe sa bhliain. Déantar gach iarracht ábhar dílis a úsáid sa triail Chluastuisceana oiread agus is féidir.

Maidir leis na comhráite, bhí plé ann faoi theach saoire a cheannach sa Spáinn, faoi sheó faisin a eagraíodh le hairgead a bhailiú do naíonra, agus faoi bhailiúchán airgid d'ospís na Gaillimhe.

Cé go raibh na hábhair beo agus tráthúil bhí titim bheag ar chaighdeán na bhfreagraí sa chuid seo den scrúdú i gcomórtas le blianta beaga anuas.

Cuid A
Bhí an fhreagairt ar Fhógra 1 an-sásúil. Bhí fadhb ag iarrthóirí áirithe leis an bhfocal "urraíocht" i gceist 2, áfach. Is cúis iontais é seo mar bhí an téarma seo le cloisteáil go minic sa Triail Cluastuisceana le tamall anuas.

Bhí an fhreagairt ar Fhógra 2 an-sásúil.

Bhí an fhreagairt ar Fhógra 3 sásúil ach bhí iarrthóirí áirithe ann nár aithin an frása "Gaeilge líofa ag duine"!

Cuid B
D'éirigh go breá le tromlach na n-iarrthóirí sna comhráite.

Bhí an fhreagairt ar Chomhrá 1 sásúil, ach is léir nár aithin cuid mhór de na hiarrthóirí an focal "ceantálaí" agus gur chuir sé sin as don tuiscint a bhí acu ar an bpíosa.
Bhí an fhreagairt ar Chomhrá 2 an-sásúil, seachas Mír 1, Ceist 1, áit nár éirigh le cuid de na hiarrthóirí an freagra ceart (seó faisin) a aimsiú, agus Mír 1, Ceist 2, áit nár éirigh le líon mór iarrthóirí an focal "naíonra" a thuiscint.
Bhí an fhreagairt ar Chomhrá 3 ar fheabhas ar fad.

Cuid C
Bhí an fhreagairt ar Chuid C an-sásúil i gcás fhormhór na n-iarrthóirí. Bhí deacrachtaí ag líon mór iarrthóirí ainm an dráma *Abair Amach É* a thabhairt leo i gceart. Ba léir nár thuig gach duine an frása "á cheiliúradh" i bPíosa 3. Bhí fadhb ag roinnt iarrthóirí leis an téarma "trí scór bliain".

Páipéar 1

An Cheapadóireacht

A: Na hAistí
Roghnaigh beagnach trí cheathrú de na hiarrthóirí ceann de na haistí a dhéanamh.

(i) *Na Rudaí a chuireann aoibhneas orm*
Bhí sé soiléir ar chaighdeán chuid mhór de na hiarrachtaí ceapadóireachta go raibh tuiscint mhaith ag na hiarrthóirí ar an teideal seo. Duine amháin as gach

seisear (c. 16%) a roghnaigh an teideal seo. Ba léir nach raibh an aiste seo réamhullmhaithe ag formhór na n-iarrthóirí a rinne í; a gcuid Gaeilge féin a bhí le léamh sna freagraí agus ba léir nach raibh píosaí móra fada bláfara foghlamtha de ghlanmheabhair acu. Daoine a raibh ardchumas ceapadóireachta iontu is mó a roghnaigh an t-ábhar seo agus bhí deis acu a stór Gaeilge féin a léiriú. Bhí céatadán beag nár thuig an focal "aoibhneas", é sin nó bhí súil acu le haiste ar fhadhbanna an tsaoil agus scríobh siad ar an ábhar sin beag beann ar an teideal a tugadh.

(ii) *Díol agus Ceannach: reiligiún nua na hAoise seo*
Ba bheag an t-éileamh a bhí ar an aiste seo; 7% a roghnaigh í. Ba mhinic nár láimhseáladh an t-ábhar go maith. Chuir an t-eireaball sa teideal as do chuid mhór díobh siúd a roghnaigh é.

(iii) *Scannal an Chórais Sláinte in Éirinn*
50% a roghnaigh an t-ábhar seo. Ábhar é seo is dócha a pléadh go minic sa rang. Ba mhinic a bhí sé á phlé sna meáin chumarsáide le linn na bliana agus bheadh na múinteoirí á úsáid mar théama agus iad ag ullmhú na n-iarrthóirí don Bhéaltriail freisin. Bhí líon mór de shamplaí an-bhreá le fáil anseo. Laige amháin a tugadh faoi deara ar a lán iarrachtaí ná claonadh ag cuid de na hiarrthóirí scríobh faoi dhrochnósanna itheacháin nó faoi ólachán trom ach gan plé ceart a dhéanamh ar an gcóras sláinte. An *córas* sláinte a bhí le plé anseo, ní sláinte phearsanta an duine aonair. Bhíothas ag súil leis go ndéanfaí ceangal idir an córas agus cás an duine aonair.

B: An scéal
Fíorbheagán a roghnaigh tabhairt faoin scéal i mbliana. Roghnaigh 2% de na hiarrthóirí an teideal *Cur i gCéill* agus 5% a roghnaigh an seanfhocal *Déanann sparán trom croí éadrom.*

Bhí cuid de na hiarrachtaí sármhaith. Saghas ceapadóireachta é seo a fheileann dóibh siúd a bhfuil bua na cumadóireachta acu. Bhí go leor iarrachtaí ann, áfach, a bhí ar chaighdeán íseal. Bhí iarrthóirí ann a scríobh scéal nach raibh baint aige leis an teideal a roghnaigh siad, agus iarrthóirí a d'úsáid scéal a bhí foghlamtha de ghlanmheabhair acu ach nach raibh aon bhaint aige leis an teideal.

Ní mór baint a bheith idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar le marcanna a ghnóthú. Ní leor abairt amháin in aiste nó i scéal le ceangal sásúil a bhunú idir an teideal agus an cheapadóireacht – agus marcanna a ghnóthú – mura mbaineann bunús na hiarrachta le hábhar an teidil. Ní chuidíonn sé mórán le hiarrthóirí sleachta réamhullmhaithe a bheith de ghlanmheabhair acu murar féidir leo an t-ábhar a chur in oiriúint don teideal lá an scrúdaithe. Níor mhór cleachtadh a bheith acu roimh ré ar an scil sin.

C: Alt/Caint
Fíorbheagán iarrthóirí a roghnaigh an mhír seo a dhéanamh. Timpeall 1% a roghnaigh alt a scríobh bunaithe ar agallamh le daoine gan dídean; 2% a scríobh alt bunaithe ar agallamh le lúthchleasaí. Iarrthóirí ardchaighdeáin ba mhó a roghnaigh an mhír seo, agus bhí caighdeán fhormhór na bhfreagraí an-sásúil.

D: Díospóireacht/Óráid
11% de na hiarrthóirí a scríobh an chaint a thabharfaidís ar an ábhar (i) "Is iad na meáin a rialaíonn an tír seo". Bhí iarrachtaí breátha le fáil ar an gcuid is mó de; iarrthóirí cumasacha ba mhó a roghnaigh an t-ábhar seo, daoine a raibh taithí acu ar a bheith ag díospóireacht, b'fhéidir.

6% de na hiarrthóirí a roghnaigh an t-ábhar (ii) "óráid a thabharfadh ceannfort na nGardaí ag cruinniú tuismitheoirí faoi choiriúlacht i measc na n-óg". Iarrachtaí breátha a bhí i gcuid mhór de na freagraí. Ba léir ar na cinn sin go raibh máistreacht ar an teanga ag na hiarrthóirí agus an cumas ceapadóireachta forbartha go maith. Bhí claonadh ag líon beag de na hiarrthóirí imeacht ón ábhar, áfach, agus dul i muinín ábhair réamhfhoghlamtha nach raibh ag teacht go hiomlán leis an teideal; coiriúlacht sa tsochaí go ginearálta ach gan aon cheangal a bheith déanta leis an aos óg, mar shampla, nó neamhshuim ar fad a bheith déanta de ról na dtuismitheoirí sa cheist seo.

Páipéar 2

Prós Ainmnithe
Déanann tromlach mór na n-iarrthóirí an Prós Ainmnithe. Timpeall 300 iarrthóir a thug faoin bPrós Roghnach i mbliana, timpeall ar 2% den líon iomlán. Maidir leis an bPrós Ainmnithe, bhí rogha inmheánach ann idir ceist ar an scannán *Clare sa Spéir* nó ar an dráma *Lá Buí Bealtaine*, agus ceist ar an sliocht ainmnithe as an dírbheathaisnéis *Fiche Blian ag Fás*.

52% den ghrúpa randamach a roghnaigh an dírbheathaisnéis agus bhí an fhreagairt ar ardchaighdeán. Tugadh freagraí breátha ar an gcuid seo den scrúdú agus bhí tromlach na n-iarrthóirí ábalta dul i ngleic leis an mbuntéacs, tuiscint a bhaint as agus freagra tuisceanach a thabhairt ar an gceist a cuireadh. 43% a roghnaigh ceist a fhreagairt ar an scannán *Clare sa Spéir*; an tromlach mór acu ag déanamh cur síos ar an athrú a tháinig ar Eoin in imeacht an scannáin agus ar a éifeachtaí a léiríodh an t-athrú sin.

Ní raibh an fhreagairt chomh maith céanna ar an gceist faoin dá theicníocht sa scannán (4% a thriail í) ná ar an gceist faoi na teicníochtaí sa dráma (1% a thriail é). 4% a roghnaigh an cheist ina raibh cur síos le déanamh ar an athrú a tháinig ar an seanfhear, Peadar, sa dráma *Lá Buí Bealtaine* agus ní raibh caighdeán na bhfreagraí ach measartha. Tá sé soiléir ón rogha a rinneadh sa cheist seo agus ó chaighdeán na bhfreagraí gur fearr go mór le hiarrthóirí an scannán agus an dírbheathaisnéis ná an dráma.

Maidir leis an dara téacs, *Lig Sinn i gCathú*, bhí an fhreagairt lag go leor. Achoimre a rinneadh ar an gcuid is mó de, gan an doimhneacht ná an plé a mbeifí ag súil leo le fáil sna freagraí. Dhá thrian de na hiarrthóirí a roghnaigh an sliocht seo, shocraigh siad plé a dhéanamh ar an ngreann sa scéal. Bhí an fhreagairt anseo i bhfad níos fearr ná an plé a rinneadh ar chúlra na hollscoile.

Prós Roghnach
Maidir leis an bPrós Roghnach de, bhí an fhreagairt sásúil ach claonadh ann i gcás iarrthóirí nár éirigh chomh maith sin leo sa scrúdú gan ach achoimre a thabhairt ar an scéal seachas díriú ar na heochairfhocail sa cheist. Plé chomh maith le cuntas ar an

scéal a bhíonn ag teastáil ag an leibhéal seo. Téacsanna a bhí ar an gcúrsa ainmnithe blianta eile is mó a roghnaíodh.

Bíonn an chuid is mó de na hiarrthóirí ábalta déileáil leis na ceisteanna a chuirtear ar an bPrós. Tá laigí áirithe le tabhairt faoi deara, áfach:

- Achoimre ar an scéal a scríobh seachas díriú ar an gceist
- Gan an cheist a cuireadh a fhreagairt
- Gan eochairfhocail na gceisteanna a aithint
- Athinsint a dhéanamh seachas léirmheas bunaithe ar an scéal

Próstéacs Breise
Bhí an fhreagairt i gcoitinne an-sásúil.

A: (a) Scothscéalta
Cé go raibh freagraí breátha ar fáil bhí claonadh ag daltaí áirithe dul i muinín na hachoimre.

A: (b) Gearrscéalta Roghnacha
Líon an-bheag iarrthóirí a thug faoin rogha seo. *Ecstasy* an cnuasach ba choitianta a bhí le fáil sna freagraí.

B: (a) Máire Nic Artáin:
Iarrthóirí in dhá ionad a thug faoin úrscéal seo agus freagraíodh na ceisteanna go maith.

B: (b) Úrscéalta Roghnacha
'Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne', 'Caisleán Óir', 'Dialann Chaoimhe', agus 'Mise Mé Féin' na scéalta ba choitianta a roghnaíodh anseo. Bhí freagraí breátha le fáil ar an gceist ar an *Tóraíocht*, ach bhí easpa doimhneachta le sonrú ar roinnt de na freagraí ar na téacsanna eile.

C: (a) A Thig Ná Tit Orm
Seo é an dara téacs is mó éileamh, agus bhí cuid mhór freagraí breátha le fáil anseo ar an dá cheist a cuireadh. Fuarthas freagraí maithe ar an gceist faoi shaol na Gaeltachta in iarthar Chiarraí le linn óige Mhaidhc Dainín. Cé nár roghnaigh mórán an dara ceist faoin gcineál saoil a bhí roimh na hoibrithe Éireannacha i Sasana ag an a m a raibh Maidhc Dainín ann, rinne an-chuid iarrthóirí neart tagairtí don bhuntéacs agus rinne siad plé suimiúil ar an ábhar.

C: (b) Dírbheathaisnéis Roghnach
Peig an téacs ba choitianta a fuarthas anseo, agus bhí cuid mhór freagraí maithe le fáil freisin.

D: (a) An Triail

Ba é *An Triail* an saothar ba mhó a roghnaigh na hiarrthóirí. Bhí titim bheag ar chaighdeán na bhfreagraí i mbliana le hais blianta eile. Maidir leis an gcéad cheist, a roghnaigh tromlach mór na n-iarrthóirí, d'éirigh cuid acu measctha idir na carachtair éagsúla a luadh sa cheist. Cé go raibh cúpla freagra an-bhreá ar an gceist faoi léiriú stáitse a rinneadh ar phríomhchoimhlint an dráma, níor éirigh go maith le tromlach na n-iarrthóirí a d'fhreagair an cheist seo.

D: (b) Dráma Roghnach
Níor thuairiscigh scrúdaitheoir ar bith gur freagraíodh ceist ar dhráma roghnach.

Filíocht Ainmnithe/Roghnach
Bíonn dhá cheist le freagairt ar Fhilíocht Ainmnithe nó ar Fhilíocht Roghnach i gCeist 1 sa roinn seo. Déanann tromlach mór na n-iarrthóirí an Fhilíocht Ainmnithe. Thart ar 5 ionad a roghnaigh an Fhilíocht Roghnach, chomh maith le hiarrthóirí a bhí ag athdhéanamh an scrúdaithe. Tá na 5 dhán a bhaineann leis an gCúrsa Ainmnithe á scrúdú ó bhí 2006 ann; pléadh agus scagadh go maith iad in imea cht na mblianta, agus bhí an fhreagairt an-sásúil. Gnóthaíodh marcanna arda dá réir.

Bhí rogha ann i mbliana idir *Bímse Buan ar Buairt gach ló* agus *Gealt?* Bhí freagraí breátha le fáil sa dá chás. An líon beag iarrthóirí nár éirigh chomh maith sin leo, ba mar gheall ar mhíléamh a dhéanamh ar an gceist a tharla sé, nó mar gheall ar achoimre a thabhairt ar an dán seachas dul i ngleic leis na ceisteanna a cuireadh. Bhí an dara ceist bunaithe ar an dán *Faoiseamh a Gheobhadsa*. Bhí rogha ag iarrthóirí idir plé a dhéanamh ar an bpríomhthéama nó cuntas a thabhairt ar dhá theicníocht a bhaineann leis an dán. Bhí na freagraí an-sásúil anseo.

Dánta Dualgais Breise
Bhí rogha idir *Dán do Mhelissa* agus *Oíche Nollaig na mBan*. Maidir leis an bhfreagairt ar an bhFilíocht go ginearálta, bhí sé an-sásúil. An mionlach nár éirigh chomh maith sin leo, ba mar gheall ar na pointí seo a leanas a tharla sé:

- Nach raibh dóthain tagairtí sna freagraí don cheist a cuireadh
- Go raibh cuid de na freagraí róghinearálta
- Nár léadh an cheist go mion agus go cúramach sular tugadh faoi fhreagra a scríobh
- Nach ndeachaigh na hiarrthóirí i ngleic i gceart leis an gceist a cuireadh agus nár bunaíodh an freagra agus an léirmheas ar an téacs féin.

Stair na Gaeilge
Tá níos mó iarrthóirí ag tabhairt faoin gceist seo le cúpla bliain anuas ná mar a bhíodh. Bhí caighdeán na bhfreagraí an-éagsúil i mbliana. Bhí neart samplaí ann a fuair marcanna iomlána. Bhí sé soiléir sna cásanna sin go raibh obair mhaith déanta ar an ngné seo den chúrsa; go raibh comhcheangal déanta ag na múinteoirí idir an stair agus an chuid eile den siollabas; agus go raibh tuiscint mhaith ag na hiarrthóirí ar stair na teanga.

Na daoine ab fhearr ar éirigh leo sa Stair, ba iad ab fhearr ar éirigh leo i ngach cuid eile den scrúdú. Iarrthóirí nach raibh ardchumas Gaeilge acu, níor éirigh go maith leo sa Stair. Ba léir ar a bhfreagraí nach raibh tuiscint fhorleathan ar an stair acu agus nach raibh ach cúpla gné den Stair ullmhaithe acu.

Ba iad na ceisteanna (a), (c) agus (e) ab fhearr a freagraíodh. Bhí caighdeán na bhfreagraí ar (b), (d) agus (f) níos ísle.

3. 4 Tátail

An Bhéaltriail

- Beatha teanga í a labhairt. D'éirigh go maith leis na hiarrthóiri úd a raibh taithí acu ar labhairt na Gaeilge. Bhí siad ábalta comhrá nádúrtha a choimeád; bhí stór focal oiriúnach acu; ba léir orthu go raibh taithí acu ar labhairt na teanga.

- Bhí líon mór iarrthóiri a chruthaigh go han-mhaith sa Léitheoireacht a bhí mar chuid den Bhéaltriail.

- Bhí líon beag iarrthóiri nár chruthaigh go maith sa phíosa léitheoireachta. Ba léir i gcásanna áirithe nach raibh aon chleachtadh déanta acu ar léamh os ard.

- Go minic bhí iarrthóirí ann a bhí ábalta déileáil le hábhar ón ngarthimpeallacht, an chlann, an scoil mar shampla, ach nach raibh abalta an comhrá a leathnú amach. Uaireanta níor freagraíodh an cheist a cuireadh ach thosaigh an t-iarrthóir ar óráid réamhullmhaithe nár bhain le hábhar.

- Níl slí níos fearr le hullmhú don chuid den scrúdú ná bealach níos cinnte le gnóthachtáil fhiúntach a chinntiú ná caint agus comhrá as Gaeilge a bheith mar chuid lárnach den obair ranga. Moltar na múinteoirí agus na daltaí a dhéanann sár-iarracht an Ghaeilge a bheith mar theanga chumarsáide sa rang.

- Tugtar moladh speisialta d'údaráis scoile a bhfuil ról na Gaeilge aitheanta acu sna polasaithe scoile atá curtha i bhfeidhm acu. Iarrthóiri i scoileanna mar sin ní bhíonn deacracht acu cruthú go maith sa Bhéaltriail.

An Triail Chluastuisceana

- Bhí cuid mhór de na freagraí an-mhaith ar an gcuid seo den scrúdú. Bhí caighdeán na Gaeilge i gcuid de na freagraí lag go leor, áfach.

- Bhí líon mór iarrthóirí ann a raibh deacracht acu leis na focail seo a leanas: riarachán, earraí, urraíocht, fondúireacht, taighde, ceantálaí, naíonra, trí scór, ceiliúradh.

Ceapadóireacht

- Bhí an-éagsúlacht caighdeáin ag na hiarrthóirí sa chuid seo den scrúdú. Bhí líon mór iarrachtaí ceapadóireachta ann a bhí ar fheabhas.

- Ní mór a aithint, áfach, go bhfuil laigí áirithe ag éirí níos comónta mar atá tionchar an Bhéarla ar scríobh na Gaeilge; easpa cruinnis sa litriú agus sa ghramadach, agus easpa taithí ar an scríbhneoireacht.

- Thug na scrúdaitheoirí faoi deara go bhfuil nós ag líon áirithe iarrthóirí píosaí fada ceapadóireachta a chur de ghlanmheabhair agus iarracht bhacach a

dhéanamh ansin lá an scrúdaithe iad a chur in oiriúint, ar ais nó ar éigean, do theideal éigin ar an bpáipéar.

Léamhthuiscint

- Na hiarrthóirí a chruthaigh go maith sa scrúdu ina iomláine d 'éirigh go breá leo sa chuid seo.

- Thug na scrúdaitheoirí faoi deara, áfach, nach i gcónaí a d'éirigh le hiarrthóirí ionramháil a dhéanamh ar an eolas sa téacs agus na freagraí a scríobh ina gcuid focal féin.

Prós Ainmnithe/Roghnach

- Bhí an chuid is mó de na hiarrthóirí ábalta déileáil leis na ceisteanna a cuireadh ar an bPrós.

- Bhí laigí áirithe le tabhairt faoi deara, áfach:
    - Go ndearnadh achoimre ar an scéal seachas díriú ar an gceist
    - Nár freagraíodh an cheist a cuireadh
    - Nár aithníodh eochairfhocail na gceisteanna
    - Go ndearnadh athinsint seachas léirmheas bunaithe ar an scéal

Próstéacs Breise

- Bhí an fhreagairt anseo an-sásúil agus tá sé soiléir ar na freagraí go gcaitear a lán ama ar an gcuid seo den chúrsa.

- An laige ba chomónta ná achoimre a scríobh mar fhreagra gan díriú ar an gceist, gan na heochairfhocail a aimsiú agus gan léirmheas a thabhairt ar an gcuid den téacs a bhí faoi scrúdú.

Filíocht

- Bhí an fhreagairt ar an bhFilíocht an-sásúil, go speisialta ar an bhFilíocht Ainmnithe/Roghnach.
- Maidir leis an bhfreagairt ar an bhFilíocht go ginearálta is féidir na pointí seo a leanas a dhéanamh:
    - Ba mhinic nach raibh dóthain tagairtí don téacs sna freagraí
    - Bhí roinnt de na freagraí róghinearálta
    - Níor léadh an cheist go mion cúramach.

Stair na Gaeilge

- Ba dhóigh le scrúdaitheoirí áirithe go raibh an caighdeán níos ísle i mbliana ná mar a bhí sé blianta eile ach bhí freagraí breátha le fáil mar sin féin.

3.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Mhic Léinn

Is léir ar ardchaighdeán na n-iarrachtaí a cuireadh faoi bhráid na scrúdaitheoirí go bhfuil obair mhór ar siúl ag múinteoirí na tíre agus tréaslaítear an dea-obair leo. Déantar na moltaí seo thíos d'fhonn cur leis an obair mhaith atá ar siúl cheana féin.

- Ba chóir an Ghaeilge a úsáid mar theanga ranga ón gcéad bhliain ar aghaidh.

- Ba chóir aistriúchán comhuaineach sa rang a sheachaint mar nach gcabhraíonn sé leis na daltaí go fadtréimhseach an Ghaeilge a shealbhú.

- Ba chóir eolas na ndaltaí ar na canúintí a fhorbairt; baintear úsáid as téipeanna, as míreanna ó Raidió na Gaeltachta, as cláir thráthúla ar TG4, as dlúthdhioscaí, agus as an idirlíon sa rang.

- Ba chóir níos mó béime a leagan ar bhunghnéithe na teanga: inscne agus tuiseal na n-ainmfhocal, na briathra neamhrialta, na réamhfhocail shimplí agus na réamhfhocail chomhshuite, etc.

- Ba chóir cúram níos fearr a dhéanamh de chleachtadh na ceapadóireachta. Cleachtadh a dhéanann máistreacht. Moltar tosú le hullmhúchán ó bhéal, nó tríd an léitheoireacht, nó trí úsáid a bhaint as ábhar ar na meáin.

- Ba chóir scil na ceapadóireachta a thógáil ar bhonn céimneach, an dalta é féin ag foghlaim agus ag scríobh de réir mar atá an ceacht ag dul ar aghaidh.

- Cé go bhfuil an-tábhacht ag baint le hábhar a chur de ghlanmheabhair, ní mholtar an nós atá ag éirí níos coitianta, is é sin píosaí móra próis, atá lasmuigh de ghnáthraon cumais an iarrthóra, a chur de ghlanmheabhair. Bíonn cuid den fhoghlaim seo ar mhaithe le haistí réamhfhoghlamtha a sholáthar lá an scrúdaithe. Ní i gcónaí a éiríonn leis lá an scrúdaithe, agus is cinnte nach gcruthaíonn sé go mbeidh an teanga sealbhaithe ag na hiarrthóirí sin.

- Ba chóir breis ama a thabhairt d'úsáid an fhoclóra sa rang; tá sé soiléir ó chuid mhaith scripteanna go mbíonn 'litriú ón gcluas' ar siúl ag na hiarrthóirí.

- Ba chóir breis ama a chaitheamh leis an léamhthuiscint, agus a iarraidh ar na mic léinn na freagraí a thabhairt ina bhfocail féin oiread agus is féidir.

- Ba chóir réimsí áirithe topaicí a phlé sa rang agus ansin ceacht ceapadóireachta a bhunú air sin. Is fearr an cur chuige comhtháite seo le scileanna ceapadóireachta a fhorbairt ná an tsíorfhoghlaim aistí réamhullmhaithe.

- Moltar an obair mhór atá ar siúl ar an bPrós, ar an bhFilíocht agus ar an Stair a shní isteach sa ghnáthobair ranga. Ba cheart comhtháthú a dhéanamh idir na codanna éagsúla den siollabas agus na scileanna éagsúla oiread agus is féidir.

- Ba chóir breis béime a chur ar scil na hÉisteachta, an Bhéaltriail agus an Chluastuiscint a cheangal le chéile, le tabhairt ar na daltaí éisteacht leis an gceist agus freagra a thabhairt ar an gceist a cuireadh orthu .

- Déantar na ceithre bhunscil – éisteacht, labhairt, léamh, scríobh – a thástáil sa scrúdú. Ba chóir iad uile a mhúineadh agus a chleachtadh ar bhonn comhtháite sa seomra ranga.

- Turais ar an nGaeltacht, díospóireachtaí idir ranganna agus idir scoileanna, agus obair ghrúpa, roinnt de na bealaí le labhairt na Gaeilge i suíomh nádúrtha a chothú, agus ba chóir na modhanna sin a thriail oiread agus is féidir.

- Tá an scéim mharcála don Ghaeilge Ardleibhéal le fáil ar (www.examinations.ie).